

Teagmháil IMD

Lena gcuimsítear Tuarascáil Bhliantúil 2019/2020



San eagrán seo...

Teachtaireacht an Chathaoirligh	2
Teachtaireacht an Phríomhfheidhmeannaigh	3
Nuacht	4
Athnuachan	9
Sona & Sláintiúil	11
Ag Tacú le Pobail	14
Pobail níos Sábháilte	21
Gnó	22
Ár nÁit	25
Comharsanachtaí Níos Glaine & Níos Glaise	28

Tuarascáil Bhlantúil

Fíricí & Figiúirí	30
Conas a D'éirigh Linn	31
Ár bhFeidhmíocht 2015-2019	32
Conas a Chaitheann muid do chuid Airgid 2019/20	33
Do Chomhairleoirí	34
Uimhreacha Úsáideacha	36

Déan Teagmháil!

Comhairle Ceantair an Iúir, Mhúrn agus an Dúin

Comhairle Ceantair an Iúir, Mhúrn agus an Dúin

Uaireanta Oscailte:

Luan-Aoine, 9rn-5in

Comhairle: 0330 137 4000

Ríomhphost: info@nmandd.org

newrymournedown.org

[/nmdcouncil](https://www.facebook.com/nmdcouncil) @nmdcouncil

Fáilte ón Chathaoirleach

Ó d'éirigh mé i mo Chathaoirleach ar Chomhairle Ceantair an Iúir, Mhúrn agus an Dúin i Meitheamh 2019, ba phribhléid dom bualadh le roinnt de na daoine, de na grúpaí agus de na heagraíochtaí iontacha atá ag obair chun ár gceantar a dhéanamh fiú níos fearr mar áit le cónaí agus le hoibriú inti.

Ba é ceann de na rudaí a thaitin liom níos mo ná aon rud ná an seans le bualadh lenár gcarthanachtaí agus eagraíochtaí pobail áitiúla le fáil amach faoin obair a dhéanann siad. Is laochra gan aitheantas iad na daoine a thugann a gcuid ama do na grúpaí sin – trína gcuid iarrachtaí déantar ár gceantar níos saibhre agus cuidítear leo siúd óna dteastaíonn an chabhair is mó.

Is é an téama a roghnaigh mé do mo bhliain in oifig 'Ag Tacú le Teaghlaigh'. Creidim gurb iad teaghlaigh na codanna is bunúsaí inár saolta – agus is cnámh droma ár sochaí iad.

Nuair a thosaigh mé in oifig an Chathaoirligh, bhí fonn orm freisin díriú ar cheann amháin de phríomhchuspóirí straitéiseacha na Comhairle, is é sin – 'Chun Cumas ár bPobal a Chumasú agus a Fheabhsú'. Beidh mé ag tacú le trí charthanacht i mbliana, eadhon Autism Families, Birthwise agus Cuan Mhuire, agus dhírigh gach ceann acu a gcuid gníomhaíochtaí ar an teaghlach agus déanann gach eagraíocht an-difríocht do mhuintir i gceantar an Iúir, Mhúrn agus an Dúin.

Tá bród ar leith orm i mbliana gur osclaíodh ionad pobail úrscothach nua i dTamhnaigh Naomh, ina bhfuil saoráidí traenála spóirt den chéad scoth. Mar Chomhairle, tá infheistiú á dhéanamh againn inár gceantar agus tá muid ag díriú go díoghbháilte ar phobail agus ar a sláinte agus ar a bhfolláine, trí shaoráidí fóillíochta agus pobail suaitheanta a chruthú ar féidir le glúine reatha agus amach anseo sult a bhaint astu.

Ta pleananna uaimhianacha curtha i bhfeidhm againn i mbliana freisin chun saol sóisialta agus eacnamaíoch ár gceantair a threisiú trí Scéim Athnuachana Lár Chathair an Iúir. Tá £20m á infheistiú ag an Chomhairle i Mol Cathartha nua agus i spás amharclainne/comhdhála don lúr mar chuid de phleananna chun beocht agus líon na gcustaiméirí a mhéadú i lár na cathrach, chun a thuilleadh infheistiúchá a spreagadh, agus chun athnuachan na cathrach a éascú chun leasa an cheantair iomláin.

Trí £8 milliún breise ó Bheart Cathrach Réigiún Bhéal Feirste (BRCD) ligfear do thosú oibreacha suntasacha breise sa réimse poiblí mar aon le hinfeistiú i gcóiríocht oifigí nua de Ghrád A, rudaí trína gcuideofar lenár gceantar a dhéanamh ina áit fiú níos fearr chun gnó a dhéanamh inti. Agus infheistiúchtaí poiblí agus phríobháideach curtha san áireamh, tá mé ag tnúth le suas le £120m a fheiceáil mar infheistiúchtaí san Iúir trí chomhpháirtíocht phríobháideach agus phoiblí le linn na mblianta le teacht.



Tá muid ag leanúint lenár gcaidreamh le cathair Changchun, sa tSín, a fhorbairt agus d'óstáil muid cuairt le déanaí ó oifigigh Choiste Bardasach Changchun. Cuireann na cuairteanna sin freisin lenár sprioc de cheantar an Lúir, Mhúrn agus an Dúin a chur chun cinn mar áit shármhaith le hoibriú agus le gnó a dhéanamh inti.

Ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil leis na daoine uile a chuidigh liom le linn mo sheal mar Chathaoirleach agus a chomhroinn a gcuid ratha i gclár liom. Tá mé ag súil lena gcuid éachtaí a cheiliúradh sna míonna le teacht.

An Comhairleoir Charlie Casey
Cathaoirleach



*Grianghraf an chlúdaigh tosaigh:
Sliabh Muc le Dermot Mathers*

Teachtaireacht an Phríomhfheidhmeannaigh

Tá tús curtha againn lenár dara téarma mar Chomhairle aontaithe agus tá pleananna uailmhianacha curtha ar aghaidh againn le cuidiú le ceantar an Lúir, Mhúrn agus an Dúin a chur chun cinn mar cheann de na háiteanna is fearr le cónaí, le hoibriú agus le hinfheistiú a dhéanamh ann agus le cuairt a thabhairt air.



Ba onóir dom gur roghnaíodh mé mar Phríomhfheidhmeannach nua Chomhairle Ceantair an Lúir, Mhúrn agus an Dúin in 2019, mar chomharba Liam Hannaway, a bhí i gceannas ar an Chomhairle tríd an athstruchtúru is mó ar rialtas áitiúil ó 1972. Tar éis dó maoirseacht a dhéanamh ar malgamú Chomhairle an Lúir agus Mhúrn agus Chomhairle Ceantair an Dúin, bhí ról lárnach ag Liam maidir le struchtúir rialachais agus bainistíochta nua a chur i bhfeidhm. Is cúis bróid dom le bheith ag cur lena chuid éachtaí.

I mbliana d'éirigh linn roinnt dár bpríomhthosaíochtaí a sheachadadh agus tá dul chun cinn nach beag déanta againn maidir le cinn eile. Trí Bheart Cathrach Réigiún Bhéal Feirste, rud a sholáthróidh tairbhí tábhachtacha dár gceantar, ligfear dúinn dul ar aghaidh le hathnuachan Chathair an Lúir agus leis an Bhóthar Faoisimh Deisceartach a fhorbairt, mar aon le cur chun tosaigh thionscadal Gheata an Chaisleáin Nua chuig na Beanna Boirche. Tríd is tríd, tá muid ag féachaint ar thionscnaimh lena gcruthófar rathúnas níos mó dár gceantar agus lena ndearbhófar ár gcáil mar áit shármhaith le cónaí agus le hoibriú inti agus le cuairt a thabhairt uirthi.

Tá Plean Corparáideach nua á fhorbairt againn freisin a mhairfidh suas le 2023. Tagann sé sin tar éis teagmháil agus

dul i gcomhairle fairsing a dhéanamh agus soláthrófar ár dtosaíochtaí leis le haghaidh na gceithre bliana le teacht. Tá mé thar a bheith tógtha faoin deis atá againn chun lár chathair an Lúir a athnuachan de réir mar a chuireann muid pleananna ar aghaidh do Mhol Cathrach nua agus spás amharclainne agus comhdhála.

Tá me ag súil freisin le seoladh athnuachan Dhún Pádraig, agus le hobair a dhéanamh lenár gcomhghleacaithe sa Roinn um Pobail agus leis an earnáil ghnó áitiúil.

Agus cé go bhfuil muid dírithe ar shaol eacnamaíoch agus sóisialta cheantar na Comhairle a fheabhsú, tá muid tiomanta chomh maith do sheirbhísí riachtanacha a sholáthar dár saoránaigh uile. Ba cheann amháin dár dtosaíochtaí is tábhachtaí ná athchúrsáil agus laghdú dramhaíola, ní amháin d'fhonn an iarmhairt ar an chomhshaol a laghdú ach chomh maith leis sin chun méid an airgid a chaitear ar an fheidhm thábhachtach sin a laghdú freisin.

In 2018/19 is muidne a bhí sa chomhairle is fearr a bhí ag feidhmiú i dTuaisceart Éireann, agus méid níos lú ná 15% den dramhaíl a bailíodh á sheoladh chuig líonadh talún. I gcomparáid le 2017/18, laghdaíodh ár ndramhaíl bhliantúil i ngabhdáin dhubha faoi 11.7% agus méadaíodh an dramhaíl i ngabhdáin dhonna faoi 26% - is féidir linn uile a bheith bródúil faoi thorthaí mar sin.

I mbliana beidh dúshláin agus deiseanna araon os ár gcomhair, ach tá a fhios agam go n-oibreoidh muid lenár mbaill thofa chun na tionscail agus tionscnaimh a sheachadadh atá rithábhachtach do rath leanúnach ar gComhairle agus ár gceantair.

Marie Ward
Príomhfheidhmeannach

SMALL CITY

BIG VISION



FÍS
CHATHAIR
AN IÚIR

NEWRY
CITY
VISION

AN tIÚR - Cathair ag a bhfuil fíis don todhchaí

Tá an tIúr ag cur tús leis an infheistíocht agus leis an fhorbairt is suntasaí a chonacthas riamh ann. Comhaontaíodh an t-airgead le haghaidh na bhforbairtí nua thar na cúig bliana le teacht mar chuid de Phlean Athnuachana agus Infheistíochta na Comhairle. Leis na pleananna, lena n-áirítear cistí le haghaidh tógála dar luach iomlán de thimpeall ar £120 milliún, cuideofar le hathnuachan lár na cathrach agus tá sé á chur chun cinn i gcomhar le ranna reachtúla agus forbróirí na hearnála príobháidí araon.

Comhaontaíodh Mol Cathartha nua mar aon le saoráidí amharclainne agus comhdhála an samhradh seo agus tógfar iad i gcroílár phríomhcheantar stairiúil na cathrach. Soláthrófar an bonneagar agus na hacmhainní leis sin atá riachtanach chun earnáil na dtaibhealaíon agus an chultúir a chur chun cinn, chun ealaíontóirí gairmiúla agus uaimhianacha, comhdhálacha agus imeachtaí a tharraingt chuig an cheantar, agus tairbhí eacnamaíocha agus sóisialta araon a ghiniúint.

Soláthrófar bunús leis an Mhol Cathartha d'obair na Comhairle agus cruthófar timpeallacht níos fearr leis le haghaidh seirbhísí na comhairle a sholáthar. Sa bhreis air sin, tá an Chomhairle ag spreagadh fhorbairt cóiríochta oifige de Ghrád A lena gcuirfear ar chumas cuideachtaí nua iad féin a lonnú sa chathair, agus deiseanna fostaíochta nua á soláthar dár saoránaigh.

Tá pleananna uaimhianacha againn dár dtodhchaí – trí infheistíocht in athnuachan is féidir lenár gComhairle an tIúr a bhunú agus a chur ar fáil mar an 'Chathair Bheag, ag a bhfuil Fís Mhór'.

AN BEART CATHRACH garsprioc shuntasach don cheantar



I Mí Mhárta 2019, d'fhaomh an Rúnaí Stáit do Thuaisceart Éireann an chéad Bheart Cathrach do Thuaisceart Éireann, in éineacht le comhpháirtithe den Bheart Cathrach agus Státseirbhís Thuaisceart Éireann

Ba gharsprioc mhór é sin agus déanfaidh Rialtas na RA £350m a infheistiú i Réigiún Bhéal Feirste le linn na 15 bliana le teacht chun é a chur i gcrích.

Déanfar an Beart Cathrach a threisiú a thuilleadh le hinfeistiocht chomhpháirteach de suas le £150m ó chomhpháirtithe Bheart Cathrach Réigiún Bhéal Feirste, agus tá sé réamh-mheasta go mbeidh níos mó ná £1 bhilliún sa phacáiste infheistiúchá iomlán, mar gheall ar infheistiocht ón earnáil phríobháideach.

Mar cheann amháin de na sé chomhpháirtí is comhairlí sa Bheart Cathrach, is céim shuntasach ar aghaidh é an beart a aimsiú maidir le forbairt eacnamaíoch áitiúil agus athnuachan ár gceantair.

Ar bhonn áitiúil, ciallaíonn sé sin go mbeidh muid in ann anois moltaí maidir le tionscadail a chur chun

cinn le haghaidh Cathair an Iúir a athnuachan, le haghaidh an tionscadail um Gheata an Chaisleáin Nua chuig na Beanna Boirche a fhorbairt, agus le haghaidh an Bóthar Faoisimh Deisceartach a fhorbairt, tionscadal a bhfuil an Roinn Bonneagair i gceannas air.

Leis na tionscadail sin, agus iad comhcheangailte le tionscnaimh infheistiúchá níos leithne den Bheart Cathrach, cruthófar poist agus tarraingeofar infheistiocht eacnamaíoch agus turasóireacht isteach inár gceantar, agus é á dhéanamh ina áit níos fearr le cónaí agus le hoibríú inti dár gcónaitheoirí uile.

Ar fud limistéar Bheart Cathrach Réigiún Bhéal Feirste, tá sé beartaithe leis an mbeart go seachadfar níos mó ná 20 tionscadal, agus suas le 20,000 post nua agus níos fearr á gcruthú. Tá an beart beartaithe chun méadú ar leibhéil na táirgiúlachta a spreagadh, agus beidh tionchar dearfach aige freisin ar na pobail is mó atá faoi mhíbhuntáiste agus soláthrófar réimse cothromaithe de thairbhí ar fud an réigiúin iomláin.

Cuireann an Chomhairle fáilte roimh thoscaireacht ón tSín

I Meán Fómhair 2019, chuir muid fáilte roimh thoscaireacht ó Choiste Bardasach Changchun de chuid Pháirtí Cumannach na Síne (CPC).

Bhí cuairt na toscaireachta ina toradh ar threisiú an chaidrimh idir ár gComhairle agus cathair Changchun trí Chomhaontú Cairdis a shíniú. Tríd an chomhaontú forbraítear ar n-aidhm de mhalartuithe chun leasa an dá thaobh a bhunú le réigiúin idirnáisiúnta d'fhonn deiseanna eacnamaíocha, turasóireachta, scileanna agus oideachais a fhorbairt trí chomhoibriú.

Le linn chuairt na toscaireachta chuig an cheantar, bhuaill siad le hoifigigh sinsearach na Comhairle, le baill agus le hoifigigh ó Chomhlachas Tráchtála agus Trádála an Iúir, ó Choláiste Réigiún an Deiscirt, ó Invest NI, agus ó roinnt príomh-ghnólachtaí.

Bhí gnólachtaí áitiúla in ann a gcuid ama leis na toscairí ón tSín a úsáid chun breac-chuntas a thabhairt ar a bhfócas ar thrádáil idirnáisiúnta agus ar an phoitéinseal le haghaidh rannpháirtíocht bhreise leis an tSín maidir le margáí trádála féideartha. Rinneadh an bhunobair leis an chuairt seo le haghaidh misean trádála amach anseo chuig an tSín d'fhonn teagmháil gnólacht le gnólacht agus deiseanna trádála a chothú a thuilleadh.



Plean Corparáideach an Iúir, Mhúrn agus an Dúin 2020-23

Tar éis don Chomhairle dul i gcomhairle go fairsing agus teagmháil fhairsing a dhéanamh ar fud an cheantair, seolfaidh sí a dara Plean Corparáideach go luath amach anseo.

Beidh sé sin ar fáil ar láithreán gréasáin na Comhairle le féachaint air.

Nochtann an Chomhairle Straitéis Ealaíon, Cultúir agus Oidhreachta nua

Tá traidisiún saibhir agus cáiliúil ag ár gceantar maidir le cultúr, na healaíona agus oidhrecht agus tá sé ríthábhachtach go mbíonn straitéis againn chun na hearnálacha sin a fheabhsú.

Le blianta beaga anuas, chuir muid suirbhéanna, ceardlanna, comhairliúcháin agus gníomhaíochtaí taighde eile chun feidhme le cuidiú linn Straitéis Ealaíon, Cultúir agus Oidhreachta a fhorbairt. Sa straitéis nua atá comhaontaithe againn, shonraigh muid an méid atá déanta againn chuige seo agus thug muid sonraí maidir leis na dúshláin reatha agus fhadtéarma atá os ár gcomhair. Leis an doiciméad forleathan sin leagtar amach fis uailmhianach um athrú dár n-ealaíona, dár gcultúr agus dár n-oidhrecht mar aon leis an méid atá de rún againn le tairiscint don phobal faoi 2025.

Faoi láthair tá moltaí uailmhianacha á gcur i bhfeidhm againn chun £10m a infheistiú in athfhorbairt Halla Bhaile an Iúir agus Theach Éigse Sheáin Uí Chuileannáin d'fhonn iad a athrú ina saoráid ealaíon, amharclainne agus comhdhála atá aitheanta ar bhonn idirnáisiúnta. Leis an tionscadal cuideofar le luchtanna féachana/éisteacha nua a tharraingt chuig an Iúr, soláthrófar fairsinge níos mó maidir le gníomhaíochtaí agus imeachtaí ealaíon agus cultúir do chónaitheoirí áitiúla, agus ginfear tairbhí eacnamaíocha suntasacha do ghnólachtaí áitiúla agus don cheantar i gcoitinne.

Is féidir leat léamh faoinár straitéis nua ar láithreán gréasáin na Comhairle: newrymournedown.org/culture-arts-and-heritage-strategy



Máistirphlean comhaontaithe do Pháirc Thuaithe Delamont

Rinneadh todhchaí Pháirc Thuaithe Delamont a dhaingniú, tar éis fhaomhadh an Mháistirphlean 'Fuinneog ar Loch Cuan'.

Sainaithníodh deiseanna sa Mháistirphlean le haghaidh forbairt thodhchaíoch tar éis taighde agus comhairliúchán fairsing. Bainfidh an Plean lántairbhe as láthair, topagrafaíocht agus cóngaireacht Pháirc Thuaithe Delamont do Loch Cuan, rud lena ndéantar áit ar leith aisti i gcomparáid le páirceanna eile sa réigiún agus timpeall ar Thuaisceart Éireann.

Tríd an fhís nua, déanfar iarracht spás glas ardchaighdeáin a chruthú, mar aon le hionad cuairteoirí nua agus príomhghnéithe oidhreachta nádúrtha agus tógtha a fheabhsú. Beidh comharthaíocht níos fearr agus níos faisnéisí ann agus líonra siúlóidí nua chun cuairteoirí a chumasú idirghníomhú leis an talamh agus le dreach an locha. Aimsíodh maoiniú freisin chun suirbhé éiceolaíochta a dhéanamh ar an láithreán, rud a chuideoidh le limistéir a shainaithint ar féidir iad a fheabhsú i gclár bithéagsúlachta feabhsaithe.

A luaithe agus a bheidh an Máistirphlean curtha chun feidhme, beidh cuairteoirí in ann taitneamh a bhaint as radhairc nach bhfuil ar fáil áit ar bith eile agus as eispéireas nua den Loch, dá chladach agus de thírdhreach uathúil Delamont.

Osclaítear Ionad Pobail nua i dTamhnaigh Naomh

D'oscail ár gCathaoirleach, an Comhairleoir Charlie Casey, ionad pobail nua Thamhnaigh Naomh an 27 Meitheamh 2019. Tá dhá fhoirgneamh san ionad nua, agus páirc 3G laistigh i bhfoirgneamh A, agus príomh-halla, stiúideo agus seomra cruinnithe i bhfoirgneamh B.

Dearadh an t-ionad pobail nua chun fuinneamh in-athnuaite a úsáid agus chun méid na bhfoinsí breosla iontaise a theorannú. Baineadh sin amach trí phainéil PV (fótavoltacha) a dhearadh agus a shuiteáil d'fhonn leictreachas a sholáthar, agus caidéal teasa ó fhoinsí aeir á n-úsáid a dhéantar a chumhachtú ó na painéil PV chun an foirgneamh agus uisce a théamh, agus trí phainéil theirmeacha ghréine a shuiteáil chun uisce a théamh le haghaidh téamh faoi urlár, arna threisiú ag an téitheoir uisce leictreach a dhéantar a chumhachtú ó na painéil PV.

Cumasaíodh soláthar an £1.4m trí infheistíocht shuntasach ón Chomhairle, ó Chomhpháirtíocht Forbartha Tuaithe Mhúrn, Shliabh gCuillinn agus Leath Cathail, ón Roinn Talmhaíochta, Comhshaoil agus Gnóthaí Tuaithe, ón gCoimisiún Eorpach (RDP), agus ón Chomhlacht um Chláir AE Speisialta (SEUPB).

Is é lontaobhas Pobail Thamhnaigh Naomh a bhainistíonn an t-ionad trí chomhaontú um Bainistíocht Saoráide leis an Chomhairle.



Osclaítear Ionad Athchúrsála Dramhaíola Tí nua i nDún Padraig

D'oscail Cathaoirleach na Comhairle, an Comhairleoir Charlie Casey, Ionad Athchúrsála Dramhaíola Tí nua i nDún Pádraig Dé Mháirt an 29 Deireadh Fómhair.

Tríd an tsaoráid nua, a chosain timpeall ar £1m, déanfar é níos éasca do chónaitheoirí a gcuid páipéir, adhmaid, miotail, tochtanna, cuisneoirí, reoiteoirí, cairtchláir agus dramhaíola in-bhithmhillte a athchúrsáil, agus cuideofar linn chun an sprioc athchúrsála de 75% a bhaint amach don láithreán.

Tá a fhios ag gach duine nach bhfuil sé inghlactha níos mó dramhaíl in-athchúrsáilte a chaitheamh i scipeanna dramhaíola ginearálta, agus go bhfuil an sealbhóir tí freagrach as dramhaíl uile a réamh-shórtáil. Leis na saoráidí nua sin déanfar an tasc sin rud beag níos éasca agus cuideofar linn uile an comhshaoil a chosaint.



An Chomhairle chun uimhreacha teileafóin nua a thabhairt isteach do sheirbhísí

Tá muid tiomanta chun é a dhéanamh níos éasca do chónaitheoirí, ar fud an cheantair, teagmháil a dhéanamh leis na seirbhísí a theastaíonn uathu.

Fógraíodh uimhreacha teileafóin nua i Mí Eanáir 2020 agus athraíodh na huimhreacha teileafóin uile a bhí ann, lena n-áirítear príomhuimhir theagmhála na Comhairle: **0330 137 4000**. Tugadh uimhreacha nua do sheirbhísí isteach freisin.

Chuir muid feachtas feasachta poiblí chun feidhme freisin, 'Bealach Nua Chun Dia Duit a Rá', i Mí Eanáir 2020 le cuidiú le cónaitheoirí ar fud an cheantair a choinneáil ar an eolas faoi na hathruithe. Tá muid uile go léir ag baint tairbhe as an chóras teileafóin nua sin a úsáid, cuirfidh sé le heispéreas seirbhíse feabhsaithe do chustaiméirí uile agus déanfar ár seachadadh seirbhísí níos áisiúla agus níos éifeachtúla dá bharr sin.

Chun faisnéis bhreise a fháil faoi na príomhathruithe ar na huimhreacha teileafóin dár gcuid, féach ar www.newrymournedown.org



Duais as Barr Feabhais Tógála buaite ag athchóiriú Dhamba Chamlocha

Bronnadh Duais as Barr Feabhais Tógála ar thionscadal Athchóirithe Dhamba Chamlocha ó Chónaidhm na bhFostóirí Tógála (CEF) sa chatagóir ghéar iomaíoch Iompair agus Bonneagar Fónas.

Sheachaid comhpháirtíocht idir an Chomhairle agus Uisce Thuaisceart Éireann an tionscadal £3m. Bronnadh ainmniú speisialta ó na moltóirí ar an fhoireann a sheachaid an tionscadal freisin, lena n-áirítear BSG Civil Engineering agus AECOM, as Barr Feabhais i gComhpháirtíocht. Leis an chatagóir speisialta sin tugtar aitheantas do thionscadail lena dtaispeántar obair chomhoibríoch agus an cur chuige is fearr maidir le comhpháirtíocht, agus scéim á seachadadh.



Trí athchóiriú a dhéanamh ar Dhamba Chamlocha rinneadh an-fheabhas ar an taiscumar agus soláthraíodh acmhainn fóillíochta agus turasóireachta fheabhsaithe, don lá inniu agus don todhchaí. Is é a bhí i gceist le roinnt de na feabhsuithe ar an scéim claífort an taiscumair a neartú chun sábháilteacht bhreise a sholáthar i gcás báisteach throm agus túr comhla a thógáil chun sruthanna ón loch a rialú.

Feabhsuithe beartaithe do shráidbhailte tuaithe

Is príomhthosaíocht í don Chomhairle ár mbailte agus ar sráidbhailte tuaithe a fheabhsú. In 2019 thug muid togra infheistíochta suntasach ar aghaidh trína mbainfidh seacht dtuathlimistéar tairbhe as oibreacha feabhsaithe timpeallachta dar luach £4m.

Áirítear leis na ceantair a bhainfidh tairbhe as ná Áth na Long, Baile Uí Chornáin, Dún Droma, Baile Hill, Cill Ó Laoch, an Mhaigh agus an Baile Úr.

Le linn 2019 comhaontaíodh oibreacha dearaidh mhionsonraithe, deonaíodh cead pleanála agus aimsíodh cúnaimh deontais 75% ó Chlár Forbartha Tuaithe Mhúrn, Shliabh gCuillinn agus Leath Cathail.

Cuirfear tús le hoibreacha ar láithreáin in 2020 agus táthar ag súil go gcuirfear obair i gcrích sna seacht limistéar uile laistigh de bhliain amháin. Beidh na feabhsuithe dírithe ar chosáin agus siúlbealaí do choisithe a fheabhsú, ar shoilsiú sráide a uasghrádú, ar thírdhreachú agus ar thoscán sráide nua a shuiteáil.

Scéimeanna le haghaidh Láir Bailte a Athbheochan curtha i gcrích

Le déanaí chuir muid dhá thionscadal le haghaidh láir bailte a athbheochan i gcrích i gcomhpháirtíocht leis an Roinn Pobal. Cuireadh scéimeanna feabhsaithe aghaidheanna siopaí i gcrích i limistéar Chonair na hArdeaglaise ar Shráid Hill, an tír agus i lár bhaile an Phointe.



Ar an lár, bhain 28 réadmhaoin tairbhe as nuamhaisiú, agus áiríodh le tionscadail scéimeanna péinteála d'fhonn aghaidheanna siopaí agus comharthaíocht nua a chur i gcrích. Leis na hoibreacha sin feabhsaíodh go mór cuma na coda sin de lár na cathrach.

Sa Phointe, feabhsaíodh 24 aghaidh siopa tríd an scéim, rud a chuidigh le lár an bhaile a athnuachan. Soláthraíodh meirgí ar chuailí solais freisin tríd an scéim lenar dtugadh áiteanna spéisiúla chun suntais i gceantar an Phointe, chomh maith le treoirleabhar do chuairoteoirí. Tá na scéimeanna ina gcuid den bhranda níos mó 'Déantús na Háite' mar chuidíonn siad le hathnuachan fhoriomlán an cheantair agus le táirgí agus seirbhísí na háite a chur chun cinn.



Forbairt Nua do Dhiméin an Doire Mhóir



Tá scéim athnuachana beartaithe do Theach agus do Dhiméin an Doire Mhóir lena gcruthófar siúlbealaí fóillíochta nua agus sínte, chomh maith le háit súgartha do leanaí, saoráid do chuairoteoirí agus athchóiriú Ráth na Luathré Críostaí.

Is teach de stíl teachín na 18ú haoise é, atá suite i ndiméin ghleoite, atá faoi úinéireacht an Taisce Náisiúnta (National Trust) anois agus stráice coillearnaí agus fearann páirce ann atá foirfe le haghaidh siúlóidí agus gníomhaíochtaí lasmuigh eile.

Bhí muid ag obair leis an Taisce Náisiúnta agus le Cairde an Doire Mhóir chun an diméin a athnuachan agus in 2019 d'éirigh linn maoiniú seachtrach a aimsiú chun ligean dúinn an Diméin agus an méid atá ar tairiscint aici do chuairoteoirí a fheabhsú

Chomh maith leis na siúlbealaí nua agus saoráidí eile, beidh léirmhíniú nua don láithreán mar aon le comharthaíocht threoch le cuidiú leis an phobal lántairbhe a bhaint as a gcuart. Fanfaidh an Diméin agus an teach ar oscailt le linn 2020 agus an obair ar siúl, agus táthar ag súil go gcuirfear an athnuachan i gcrích i Mí na Nollag 2020.

Páirceanna súgartha nua ar fud an cheantair

I mbliana d'oscail an Chomhairle roinnt páirceanna súgartha ar fud an cheantair iomláin. Bainfidh cónaitheoirí áitiúla taitneamh as na páirceanna súgartha, lena dtugtar saoráidí den chineál is nua-aimseartha isteach, le blianta fada le teacht.

Baile an Chláir agus Coilleach Eanach

I Mí Mhárta oscailodh páirceanna súgartha móra i mBaile an Chláir agus i gCoilleach Eanach, agus iad maoinithe ag Comhpháirtíocht Forbartha Tuaithe Mhúrn, Shliabh gCuillinn agus Leath Cathail, clár atá tacaíte ag an Roinn Talmhaíochta, Comhshaoil agus Gnóthaí Tuaithe (DAERA) agus ag an Aontas Eorpach, agus ranníocaíocht airgeadais á déanamh ag an Chomhairle freisin.

Áirítear leis an pháirc súgartha i mBaile an Chláir rianta aclaíochta adhmaid atá deartha chun forbairt fhisiceach a spreagadh ar bhealach atá spráiuil ach fós dúshlánach. Tá bord taispeántais le stopuaireadóir digiteach ina ghné freisin den pháirc lena ligtear do leanaí a luas agus a gcuid cumas a thástáil ar phíosáí trealamh éagsúla laistigh den pháirc. Áirítear leis an pháirc súgartha i gCoilleach Eanach córas aclaíochta mairíse, an chéad cheann dá chineál i dTuaisceart Éireann. Leis an chóras súgartha ceannródaíoch sin soláthraítear an t-eispéireas dreapadóireachta is fearr do dhéagóirí aclaí agus d'aoisigh aclaí araon.

An Talamh Móinéir

Oscailodh an pháirc súgartha nua dá cuid i limistéar na Talún Móinéir i nDún Pádraig i mBealtaine 2019. Rinne an Chomhairle an tionscadal a dhearadh agus a bhainistiú agus mhaoinigh an Roinn Pobal (DfC) na saoráidí le hinfheistiúocht £225,000 tríd an Chiste Idirghabhála um Athnuachan Comharsanachtaí.

Baineann cuid den Chlár Athnuachana Comharsanachtaí le hobair a dhéanamh le pobail ina bhfuil ardleibhéil na bochtaineachta. Bhí Cumann Pobail na Talún Móinéir, trína ndéantar fónamh don phobal, rannpháirteach sa tionscadal ón tús agus chuir sé fáilte roimh an tsaoráid nua a bheidh ina tairbhe don chomharsanacht iomlán.

Tamhnaigh Naomh agus Cill Ó Laoch

Oscailodh páirceanna súgartha nua i dTamhnaigh Naomh agus i gCill Ó Laoch go luath in 2019, agus an dá cheann acu maoinithe ag Comhpháirtíocht Forbartha Tuaithe Mhúrn, Shliabh gCuillinn agus Leath Cathail, ag an Aontas Eorpach agus ag an Chomhairle.

Rinneadh Páirc Súgartha Lios Leathan a dhearadh le tacaíocht ó bhunscoileanna, Bunscoil an Acadaimh agus Bunscoil Naomh Mhuire. Bhí lúcháir ar na daltaí chun triail a bhaint as an trealamh nua, agus ziplínte, fráma dreapadóireachta gréasáin rothlaigh agus balla targaide ciceanna sármhaithe san áireamh leis.

Ba thairbhe é maidir le páirc súgartha Ionad an Droichid i gCill Ó Laoch an dul i gcomhairle le scoileanna agus le leanaí áitiúla, agus an t-am sin bhí Bunscoil Chomhtháite Chill Ó Laoch agus Bunscoil Naomh Mhuire rannpháirteach ann. Bhain na daltaí sult as bheith ag súgradh ar an trealamh - Rock 'n' Bowl, Double Zig-Zag Twister, agus an cluiche Playtronic Daisy Chain Reactions – agus na n-ainmneacha a shíniú agus na painéil súgartha shaorsheasaimh 'Sínigh D'Ainm' á n-úsáid.



Páirc Chairlinn, an tlúr

I Mí Dheireadh Fómhair, oscailodh páirc súgartha úrscothach i bPáirc Chairlinn, ar Sheanbhóthar an Phointe, an tlúr. Chuaigh an Chomhairle i gcomhairle go fairsing le cónaitheoirí áitiúla a d'iarr go mbainfí úsáid as trealamh ionchuimsitheach sa pháirc agus go mbeadh rochtain air do gach cumas. Áirítear leis an trealamh ionchuimsitheach a suiteáladh luascán ciseáin, timpeallán spraoi ionchuimsitheach agus trampailín mór ar leibhéal na talún.

Sa bhreis ar shaoráidí na páirce, coimisiúnaíodh ealaíontóir chun dul i ngleic le leanaí áitiúla d'fhonn múrphictiúr a dhearadh agus a chruthú lena léirítear sainchomharthaí áitiúla. Chruthaigh an dearthóir spás céadfach freisin laistigh de limistéar ciúin na páirce lena n-áirítear eispéiris amhairc, cheoil agus chinéiteacha d'aoisghrúpaí uile. Faoi dheireadh, forbraíodh limistéar plandaithe chun dath a chur leis an pháirc agus chun an rogha a thairiscint do leanaí téamaí éagsúla a eispéiriú le linn na bliana.

Tá Ionaid Fóillíochta ag dul ó neart go neart

Bhí ról tábhachtach ag ár n-ionaid fóillíochta suaitheanta ar an lúir agus i nDún Padraig maidir lenár bhfeachtas 'Bí Gníomhach' a spreagadh, atá tiomanta do shláinte fhisiceach agus don fholláine mheabhrach a chur chun cinn

Ó osclaíodh Ionad Fóillíochta nua an Dúin i Samhain 2018, sháraigh an t-ionad gach rud lena rabhtas ag súil. **I gcomparáid leis an bhliain roimhe, bhí méadú 896% ar líon na ndaoine a úsáideann an giomnásiam, mar aon le méadú 600% ar bhallaíocht chomh maith le méadú 180% ar líon na ndaoine atá ag glacadh páirt i ranganna aclaíochta.**

Tá sé éasca le bheith rannpháirteach agus tús a chur le d'aistear féin i dtreo sláinte fhisiceach agus mheabhrach níos fearr – Is féidir leat bheith i do bhall agus d'aistear féin 'Bí Gníomhach' a thosú linne.

Download our NMD Be Active App

Is í dóigh amháin le bheith rannpháirteach ná ár n-aip IMD 'Bí Gníomhach' a íoslódáil. Tá an aip ar fáil ar iPhone agus ar Android agus coinneofar cothrom le dáta thú léi maidir le faisnéis faoinár n-ionaid fóillíochta uile agus í i do phóca. **Tríd an aip a úsáid, is féidir leat ranganna a chur in áirithint ar líne, faisnéis a fháil**

* Prices valid 31 March 2020

faoi uaireanta oscailte, agus fógra a fháil faoi imeachtaí fóillíochta agus spóirt a bhíonn ar siúl thart ar an cheantar.

Déan ár Leathanach Facebook 'Bí Gníomhach' a sheiceáil

Tabhair 'Is maith liom' dár leathanach Facebook IMD 'Bí Gníomhach' agus coinnigh cothrom le dáta maidir leis na margáil, na tairiscintí agus an fhaisnéis is déanaí i dtaca le ceachtanna snámha, ranganna agus gníomhaíochtaí gar duit.

 facebook.com/NMDBeActive

Ballraíocht

Nár mhaith leat bheith i do bhall agus bheith linn? Tá roinnt roghanna agus pacáistí ballraíochta againn atá oiriúnach do chách, agus iad go léir ar fáil ach cliceáil ar chnaipe. Tá raon ár bpraghsanna idir £15 agus £29.95 in aghaidh na míosa*, agus roghanna laethúla, 3 mhí, 6 mhí agus 12 mhí ann. Is féidir leat an t-ionad a roghnú mar aon leis na gníomhaíochtaí ar mhaith leat páirt a ghlacadh iontu. Le haghaidh faisnéis bhreise a fháil faoi éirí i do bhall ar líne, féach newrymournedown.org/leisure-and-sport.

Tá trí leibhéal ballraíochta ann: platanam, ór agus airgead - agus mar sin de rogha do chách.



• Platanam

Le ballraíocht Phlatanaim (Gach Rud san Áireamh) is féidir leat Ionaid Fóillíochta an Dúin, Chill Chaoil agus an Lúir a úsáid agus rochtain a fháil ar 3 linn d'fhoghlaimoírí, 3 linn snámha 25m, 4 sheomra gaile, 4 sheomra allais, 82 rang aclaíochta grúpa, 2 limistéar aclaíochta feidhmiúla agus 3 stiúideo rothaíochta grúpa.

• Ór

Rochtain gan teorainn ar dhá láithreán, eadhon Ionad Spóirt agus Folláine Bhaile an Mhóta agus Ionad an Chaisleáin Nua. Leis an bhallaíocht sin is féidir leat sult a bhaint as an ghiomnásiam ag an dá láithreán mar aon le rochtain ar shaoráidí an tseomra allais agus gaile in Ionad an Chaisleáin Nua.

• Airgead

Rochtain ar Ionad Fóillíochta amháin ina mbíonn giomnásiam, linn snámha, seomra allais, seomra gaile nó ranganna aclaíochta ar fáil ag na huaireanta beagéilimh leithdháilte.

Chun faisnéis bhreise a fháil, is féidir leat ríomhphost a sheoladh chuig: indoorleisure@nmandd.org



Tagann tionscnamh Sláinte agus Folláine chuig Ard Ghlais

Ghlac níos mó ná 200 duine de gach aois páirt in imeacht saor in aisce um Shláinte agus Folláine de chuid Fhóram Thoghlimistéar Ceantair (DEA) Dhún Pádraig a bhí ar siúl i Lúnasa 2019 i bPáirceanna Imeartha an Mhóinéir, Ard Ghlais.

I gcomhpháirtíocht le Lionra Pobail Tuaithe Chontae an Dúin, le Cumann Fhéile Ard Ghlais agus le hÚdarás Oideachais Thuaisceart Éireann, bhain an lucht freastail sult as raon de ghníomhaíochtaí.

Bhí aosaigh in ann páirt a ghlacadh i Zumba agus i ióga ar an fhaiche agus leas a bhaint as na seiceálacha sláinte saor in aisce agus bhí scagthástáil cíoch ar fáil ar Bhus Mór Action Cancer.

Rinneadh Lá Domhanda Súgartha a cheiliúradh freisin ar an lá agus spreagadh daoine óga chun páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí lena áiríodh balla dreapadóireachta, rothaíocht sléibhe agus boghdóireacht. Ní dhearnadh dearmad ar na healaíona cruthaitheacha; d'oibrigh Ealaíona Pobail an Dúin le daoine óga chun an múrphictiúr nua ar an phailliún a dhearadh.



Tairbhí fairsinge mar thoradh ar aclaíocht

Tá muid ag obair go dian chun cuidiú le cónaitheoirí uile le bheith níos gníomhaí – beag beann ar a leibhéal sláinte nó cumais. Is é atá i gceist le feachtas ‘Bí Gníomhach’ de chuid na Comhairle gach duine a spreagadh chun gníomhaíocht níos mó a dhéanamh, agus tá muid ag obair le gníomhaireachtaí reachtúla agus neamhreachtúla araon chun raon de chláir a thairiscint.

Is fearr cosc ná leigheas

Rinne lontaobhais Sláinte agus Cúraim Shóisialta an Deiscirt agus an Oirdheiscirt sinne a choimisiúnú chun an clár ‘Bí Gníomhach’ a sholáthar. Tá an scéim sin dírithe ar dhaoine nach bhfuil gníomhach agus lena mbaineann fachtóirí riosca, amhail iad a bheith róthrom nó as bheith éadulangach ar ghlúcós, nó as dúlagar éadrom, imní nó strus a bheith orthu, rudaí lena gcuirtear faoi riosca méadaithe iad de riocht sláinte fadtéarma a fhorbairt.

Is é aidhm an chláir na daoine siúd lena mbaineann fachtóirí riosca a chomhairliú agus a thacú, rannpháirtithe a spreagadh chun roghanna eolacha a dhéanamh faoina ngníomhaíocht fhisiceach, athruithe leanúnacha a dhéanamh ar a stíleanna maireachtála agus cuidiú leo a bheith níos rannpháirtí ina bpobal agus i gclubanna d’fhonn folláine a fheabhsú.

Ionas go ndéanfar thú a atreorú don chláir sin, ní foláir nó go bhfuil tú 19 mbliana d’aois nó níos sine, neamhghníomhach agus arna mheasúnú le bheith spreagtha agus réidh chun do chuid iompraíochta a athrú maidir le gníomhaíocht fhisiceach.

Chun níos mó a fháil amach faoin chláir seo, déan teagmháil le Fóillíocht Laistigh ar 0330 137 4026.

Tacaíocht do dhaoine áitiúla atá ag maireachtáil le hailse

Trínár gClár ‘Bog Níos Mó’ déantar tacaíocht agus spreagadh a thairiscint do dhuine ar bith a diagnósíodh go raibh ailse air/uirthi chun a c(h)uid aclaíochta a fhorbairt nó a fheabhsú.

Déantar raon de ranganna aclaíochta a thairiscint leis an chláir ar fud an cheantair a bhaineann go sainiúil le hailse. Soláthraítear dreasachtaí eile leis do rannpháirtithe, lena n-áirítear ballraíocht saor in aisce do thrí mhí inár n-ionaid fóillíochta.

Chun a thuilleadh faisnéise a fháil, nó chun páirt a ghlacadh sa Chláir ‘Bog Níos Mó’, déan teagmháil le Comhordaitheoir an Chláir ‘Bog Níos Mó’ de chuid Chomhairle an Lúir, Mhúrn agus an Dúin, Laura McGrath, ar 07769 285574 nó seol ríomhphost chuig movemore@nmandd.org

MOVE MORE
NEWRY MOURNE AND DOWN

Cuma maith, mothúchán níos fearr

Sheol muid ceardlanna cúram craicinn agus smididh saor in aisce do mhná atá ag déileáil le fo-iarmhairtí infheicthe chóireáil na hailse. Rinneadh an tionscnamh nua sin a bhunú i gcomhpháirtíocht le hlontaobhas Sláinte agus Cúraim Shóisialta an Deiscirt agus leis an charthanas ‘Cuma Maith, Mothúchán Níos Fearr’.

Bíonn na ceardlanna ar siúl in Ionad Fóillíochta an Lúir, agus is féidir leat níos mó a fháil amach fúthu trí theagmháil a dhéanamh le Caroline Davies, Oibrí Tacaíochta Macmillan. Glaigh ar 028 3756 1001, nó seol ríomhphost chuig: caroline.davies@southerntrust.hscni.net



Clár Atreoraithe um Gníomhaíocht Fhisiceach ‘Coiscéim ar son na Sláinte’

Seo clár eile a choimisiúnaigh an Gníomhaireacht Sláinte Poiblí (Réigiún an Deiscirt) le bheith curtha ar fáil againne agus is clár é atá deartha chun cuidiú leo siúd a diagnósíodh roinnt riochtaí leighis ina leith.

Tríd an tionscadal cuidítear le rannpháirtithe páirt a ghlacadh i suíomhanna bunaithe ar ghrúpa agus áirítear leis úsáid an tseomra aclaíochta, ranganna aclaíochta fisicí amhail Pilates agus ciorcaid, siúlóidí grúpa agus rothaíocht ghrúpa, chomh maith le cluichí bunaithe ar chúirteanna.

Tá costas £20 ag baint leis in aghaidh an othair lena soláthraítear 16 sheisiún aclaíochta thar thréimhse 12 seachtaine agus tá ráta ar lacáiste ann dóibh siúd a chomhlíonann critéir lacáiste na Comhairle. Déanfaidh cliniceoir na rannpháirtithe uile a atreorú agus ní mór dóibh a dtiomantas a thaispeáint trí fhreastal ar na seisiúin ghrúpa-bhunaithe.

Le bheith atreoraithe chuig an chláir seo, ní foláir nó go mbaineann na nithe a leanas leat:

- bheith 19 mbliana d’aois nó níos sine
- bheith neamhghníomhach
- bheith spreagtha chun athrú a dhéanamh
- BMI (innéacs corpmhaise) $\geq 25\text{kg}/\text{m}^2$ agus $< 40\text{kg}/\text{m}^2$ a bheith agat

agus ceann amháin ar a laghad de na riochtaí a leanas ag baint leat:

- Hipirtheannas
- Hipirlipidéime
- Leibhéil glúcóis lagaithe nó diaibéiteas
- Stair sa teaghlach de ghalar croí
- Plúchadh, Broincíteas nó COPD (galar scamhóige toirmeascach ainsealach)
- Riochtaí matánchnámharlaigh
- Riochtaí meabhairshláinte éadroma nó measartha

Chun níos mó a fháil amach faoin chláir seo, déan teagmháil le Fóillíocht Laistigh ar 0330 137 4026.



STEP INTO HEALTH

Is maith duit labhairt agus siúil

D'eagraigh Fóram Thoghlímistéar Ceantair (DEA) Shliabh Crúibe, i gcomhpháirtíocht le Líonra Pobail Tuaithe Chontae an Dúin, imeacht 'Siúil ar son na Beatha' i Meán Fómhair 2019 ag Gairdíní agus Teach Féileacán Trópaiceach Bhaile Forda.

Tháinig níos mó ná 400 duine le chéile ag bealach isteach Eastát Bhaile Forda chun páirt a ghlacadh i siúlóid éasca feadh na gcosán agus ansin bhain siad sult as iarnóin lán de cheol agus de ghníomhaíochtaí spráúla do theaghlach.

Eagraíodh an t-imeacht chun an Lá Domhanda um Fhéinmharú a Chosc a chomóradh agus ba dheis é sin do dhaoine chun teagmháil a dhéanamh lena chéile, chun cairde nua a dhéanamh agus faisnéis thacaíochta thábhachtach a fháil maidir le seirbhísí meabhairshláinte atá ar fáil ina gceantar áitiúil.

Bhí an t-imeacht dírithe freisin ar an stiogma a bhaineann le folláine mheabhrach a bhriseadh, agus ar dhaoine a spreagadh le bheith níos oscailte agus le labhairt níos mó faoina gcuid mothúchán.

Gach Duine Gníomhach 2020 #EBA2020

Agus obair á déanamh le Spórt TÉ agus le páirtithe eile, trí Gach Duine Gníomhach 2020 (EBA 2020) spreagtar gach duine chun bheith níos gníomhaí, níos minice. Go sainiúil, tá muid ag díriú ar ghrúpaí a bhfuil tearcionadaíocht acu go traidisiúnta inár bpobal agus áirítear leo siúd:

- mná agus cailíní (go háirithe d'aois 14-25)
- daoine faoi mhíchumas
- daoine atá ina gcónaí i limistéir ina bhfuil an ríochtán sóisialta is mó

Tá seisiúin aclaíochta fisicí EBA 2020 ar fáil ar fud an cheantair, inár n-ionaid fóillíochta, inár n-ionaid pobail agus inár bpáirceanna. Chun faisnéis bhreise a fháil déan teagmháil le leisureandsport@nmandd.org

Buille Scoir Chill Chaoil



Bhí cúrsa bacainní inséidte ollmhór i gCill Chaoil ag croilár an chomhraic idir 10 bhfoireann áitiúla a ghlac páirt sa dúshlán – agus iad ag sleamhnú thart orthu i go leor boilgeog.

Le himeacht tionscnaimh 'Buille Scoir' cruthaíodh catalaíoch do dhaoine óga sa cheantar chun teacht le chéile agus sult a bhaint as lá lán d'iomáíocht chairdiúil agus de spraoi. Bhí an lá dírithe freisin ar chuidiú le folláine fhisiceach agus mheabhrach gach duine a fheabhsú, agus ar chaidrimh mhaithe a chothú.

Is ceann de phríomhthosaíochtaí Chomhairle an Lúir, Mhúrn agus an Dúin an tsláinte a fheabhsú agus caidrimh mhaithe a chothú laistigh den phobal, agus tá sé ina ghné thábhachtach i bplean gníomhaíochta Fhóram Thoghlímistéar Ceantair (DEA) Bheanna Boirche.

Tugadh corn don fhoireann bhuaiteach, agus thóg gach duine bonn abhaile leo chun a rannpháirtíocht a chomóradh. Bhí ról thábhachtach ag grúpaí pobail áitiúla maidir le seirbhísí maoirseachta a sholáthar agus sholáthair Foireann Póilíneacht Chomharsanachta áitiúil agus a comhghleacaithe tacaíocht luachmhar, chun a chinntiú gur rith imeachtaí an lae go réidh.

Díríonn na DEAnna ar dhaoine scothaosta ag imeacht Scagtha Scothaosta

Don tríú bliain i ndiaidh a chéile d'oibrigh Fóraim Thoghlímistéir Cheantair (DEAnna) an Lúir, Shliabh gCuillinn, Bheanna Boirche agus Chrotshliabh i gcomhpháirtíocht le chéile chun clár Scagtha Scothaosta a sholáthar ag pictiúrlann Omniplex in Ionad Siopadóireachta na gCéanna.

Leis an imeacht i Meán Fómhair soláthraíodh deis do dhaoine d'aois 50 bliain nó níos sine teagmháil a dhéanamh le seirbhísí agus acmhainní tacaíochta atá tiomanta dá sláinte agus dá bhfolláine fhoriomlán a fheabhsú.

Ba é an aidhm feasacht a ardú faoi dhrochíde do dhaoine scothaosta, agus bhí níos mó ná 15 stalla faisnéise ina ngné den lá trínar soláthraíodh comhairle saor in aisce, faisnéis agus atreoruithe.

Bhain rannpháirtithe sult as cainteanna faisnéise saor in aisce ón SPTÉ, ón tSeirbhís Sábháilteachta Dóiteáin, agus ó Ghníomhú i gcoinne Drochíde do Dhaoine Scothaosta (Action on Elder Abuse), agus iad go léir dírithe ar dhrochíde do dhaoine scothaosta a chosc agus a thuairisciú.

Tar éis na gcainteanna bhí léiriú saor in aisce 'Downton Abbey' agus níos mó ná 200 duine i láthair.



Dámhachtain £4.7m de mhaoiniú PEACE IV don Chomhairle

Dámhadh £4.7m de mhaoiniú ón AE do Chomhairle an Iúir, Mhúrn agus an Dúin chun Plean Gníomhaíochta Áitiúil PEACE IV – Níos Mó ná Caoinfhulaingt a sheachadadh.

Mar an príomhpháirtí i gceannas, tá muid freagrach as na gnéithe sin de Phlean Gníomhaíochta PEACE IV a sholáthar lena gcuirfeadh síocháin agus athmhuintearas chun cinn i dtrí príomhréimse:

- Leanaí agus Daoine Óga,
- Spásanna agus Seirbhísí Comhroinnte
- Caidrimh Dhearfacha a Fhorbairt.

Mar chuid de na téamaí sin, bhí muid rannpháirteach i roinnt tionscadal corraitheach lena n-áirítear an clár um Cheannasaíocht Chathartha Thrasteorann do dhaoine óga, an Scéim Samhraidh Lámha ar Stair, agus an tionscadal maidir le hÉirí Amach 1798 agus na hÉireannaigh Aontaithe i gContae an Dúin.

An Clár um Cheannasaíocht Chathartha Thrasteorann

Mar chuid den chlár sin, chuaigh grúpa daoine óga ón cheantar áitiúil chuig Beirlín le déanaí ar thuras staidéir.

Tríd an tionscadal, tugadh daoine óga le chéile ó chúilraí éagsúla ionas gurbh fhéidir leo foghlaim óna chéile agus tuiscint a fháil ar a cheile agus seachadadh an clár i gcomhar le Seirbhís Óige an Údaráis Oideachais.

Sula ndearna siad an turas, ghlac na daoine óga páirt i roinnt ceardlann agus seimineár, arna seachadadh ag oibrithe for-rochtana.

Bhí an grúpa á thionlacain ag daoine óga ó Ionad Óige Dhún Dealgan.



Lámha ar Stair

Tugadh deis leis an scéim samhraidh Lámha ar Stair do dhaoine óga ón dá thaobh den phobal chun teacht le chéile le haghaidh seachtaine ag Iarsmalann Contae an Dúin.

Bhí seans ag na daoine óga a gcuid staire chomhroinnte agus cultúir chomhroinnte a fhiosrú trí roinnt topaicí agus réimsí éagsúla. Áiríodh leo sin seandálaíocht, na healaíona agus gníomhaíochtaí dráma, mar aon lena n-oidhreacht Chríostaí agus mhuirí chomhroinnte.

Tríd an chlár cuidíodh leis na rannpháirtithe creidimh éagsúla agus fréamhacha cultúrtha a fhiosrú agus chun an iarsmalann agus bailiúcháin chultúrtha agus oidhreachta eile a iniúchadh d'fhonn stair chomhroinnte agus éagsúil an cheantair a imscrúdú.



Éirí Amach 1798 agus na hÉireannaigh Aontaithe i gContae an Dúin

Ghlac rannpháirtithe a rinne imscrúdú ar Éirí Amach 1798 agus na hÉireannaigh Aontaithe i gContae an Dúin páirt i roinnt cuairteanna d'fhonn a gcuid eolais a mhéadú ar an ré stairiúil thábhachtach sin. Mar chuid den tionscnamh, thug an grúpa cuairt ar Theach Clifton, ar Choláiste Naomh Maolmhaodhóg i mBéal Feirste agus ar Oifig Taifead Poiblí Thuaisceart Éireann (PRONI).

Ba é cuspóir an chláir eispéreas foghlama comhroinnte dearfach a sholáthar faoin am atá caite agus sin a úsáid chun míthuiscintí a cheartú agus cuidiú le todhchaí chomhroinnte a mhúnlú.

Críochnaíodh an tionscadal le comhdháil lae a tionóladh i Meán Fómhair ag Iarsmalann Contae an Dúin, nuair a seoladh leabhrán, dar teideal 1798: Ár Stair Chomhroinnte. Chruthaigh rannpháirtithe an chúrsa an leabhrán, agus ba mhian leo an méid a bhí foghlamtha acu a chomhroinnt leis an phobal níos leithne.

Sa leabhrán bhí achoimre ar an chúrsa, tugadh na naisc chun suntais idir na rannpháirtithe agus Éirí Amach 1798, agus bhí ábhar cartlainne ann freisin mar aon le sraith dánta arna scríobh ag na rannpháirtithe. Tá cóipeanna den leabhrán ar fáil saor in aisce go fóill ó Iarsmalann Chontae an Dúin agus ó áitribh eile na Comhairle.



Northern Ireland Executive

www.northernireland.gov.uk

DELIVERING SOCIAL CHANGE THROUGH THE SOCIAL INVESTMENT FUND

Riachtanais na gcónaitheoirí tuaithe a chomhlíonadh

Éilítear orainn riachtanais na gcónaitheoirí tuaithe a thabhairt san áireamh agus beartais, straitéisí agus pleananna á bhforbairt, á nglacadh agus á bhfeidhmiú againn, agus nuair a dhéanann muid seirbhísí poiblí a dheardh agus a sholáthar.

Ó tugadh an tAcht um Riachtanais Tuaithe (Tuaisceart Éireann), 2016, isteach, d'eagraigh muid ceithre sheimineár oiliúna do Bhaill thofa agus d'oifigigh maidir lena fheidhmiú agus maidir le conas atá sé ar intinn againn é a fheidhmiú. Sholáthair muid treoir agus tacaíocht duine le duine freisin d'oifigigh maidir le conas measúnachtaí tionchair um riachtanais tuaithe a chomhlánú, nach mór iad a chomhlánú maidir le straitéis, beartas nó plean ar bith atá á ndeardh.

Le linn na tréimhse Aibreán 2018 go Márta 2019, rinne muid ár dteimpléad tuairiscithe

corparáideach a nuashonrú chun cuid a chuimsiú ann maidir le hiarmhairtí riachtanas tuaithe agus rinne muid 12 mheasúnacht ar thionchar ar thuathlimistéir.

D'fhonn a chinntiú go mbíonn muid follasach maidir leis an méid a dhéanann muid agus conas a dhéanann muid sin, chuir muid ár dTuarascáil Monatóireachta Bhliantúil um Riachtanais Tuaithe do Aibreán 2018 ar ár láithreán gréasáin. Sa tuarascáil sin leagtar amach ár gcur chuige corparáideach maidir leis an Acht um Riachtanais Tuaithe a chur i bhfeidhm, soláthraítear sonraí maidir leis an 12 mheasúnacht tionchair um riachtanais tuaithe a rinne muid, agus cuirtear í faoi bhráid na Roinne Talmhaíochta, Comhshaoil agus Gnóthaí Tuaithe (DEARA). Is féidir an fhaisnéis sin a rochtain ar ár láithreán gréasáin: www.newrymournedown.org/equality.

Ag Tacú le Pobail



Leanann SEAFLAG le cúnadh a thabhairt do phobail iascaireachta

Tá ár bpobal iascaireachta ag croílár ár gceantair agus tá Grúpa Gníomhaíochta Áitiúla Iascaireachtaí Limistéar an Oirdheiscirt (SEAFLAG) tiomanta do thacaíocht ríthábhachtach maidir le maoiniú a sholáthar.

Tá an clár, lena mbaineann maoiniú £2.3m, dírithe ar thacaíocht a thabhairt do thionscadail a bhfuil fócas acu ar fhás eacnamaíoch a chur chun cinn, ar chuimsiú sóisialta agus ar chruthú post. Tacaíonn sé le soghluaisteacht saothair i bpobail chósta agus intíre a bhíonn ag brath ar iascaireacht agus ar dhobharshaothrú, agus dírithe é ar éagsúlú gníomhaíochtaí laistigh d'earnáil na hiascaireachta agus earnálacha eile an gheilleagair mhuirí.

I mbliana, mhaoinigh an grúpa tionscadail de mhéid iomlán £200,000, lena n-áirítear gnólachtaí a thugann tacaíocht ríthábhachtach don fhlít iascaireachta, do dhéantóirí saoirseachta bád agus do shaoráidí cuain nua.

Leanann SEAFLAG le hiarratais a iarraidh ó na pobail iascaireachta in Ard Ghlais, i gCill Chaoil, i bPort an Bhogaigh agus sna ceantair máguaird. Tá deontais ar fáil faoi na téamaí a leanas:

- Breislúach
- Éagsúlú
- An Comhshaoil
- Sóisialta agus Cultúrtha
- Cumas a Fhorbairt

Chun níos mó faisnéise a fháil faoi na deiseanna sin, lena n-áirítear cáilitheacht agus rátaí na ndeontas, déan teagmháil le SEAFLAG ar 0330 137 4000, seol ríomhphost chuig sea@nmandd.org nó féach ar www.seaflag.co.uk.

sea
South East Area
European Maritime
and Fisheries Fund

Plean Pobail maidir le Maireachtáil Go Maith Le Chéile – dhá bhliain ar aghaidh

Sa dá bhliain ó sheoladh Plean Pobail maidir le Maireachtáil Go Maith Le Chéile, tháinig comhpháirtithe um pleanáil pobail agus pobail áitiúla le chéile d'fhonn seirbhísí ardchaighdeán agus deiseanna a sholáthar. Cinntítear leis sin go mbíonn guth ag daoine áitiúla maidir leis na cláir agus na beartais a chuirtear i bhfeidhm agus tá sé tógtha ar an tuiscint gur féidir níos mó a bhaint amach nuair a oibríonn muid le chéile i gcomhpháirtíocht.

Tá muid ag díriú ar an mhéid is féidir linn a dhéanamh le chéile chun ár gcuspóirí a bhaint amach. Tá tosaíochtaí níos fócasaithe againn anois lena n-áirítear meabhairshláinte, gníomhaíocht fhisiceach, turasóireacht, rochtain ar thithíocht ardchaighdeán, agus tionscnaimh nua a chur i bhfeidhm amhail Buiséadú Rannpháirteach agus an Chomhpháirtíocht um Thacaíocht don Phobal.

Mar chuid dár bhfreagrachtaí reachtúla faoin Acht Rialtas Áitiúil (TÉ), 2014, éilítear orainn monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn i gcoinne chuspóirí an Phlean Pobail. Éilítear orainn gach dhá bhliain freisin ráiteas a fhoilsiú maidir leis an dul chun cinn atá déanta againn. Is féidir an doiciméad achomair 'Ár dTuras' a rochtain ar láithreán gréasáin na Comhairle ag newrymournedown.org/delivering-your-plan. Tugtar breac-chuntas leis sin ar an mhéid atá bainte amach againn ó 2015 go dtí an lá inniu.

Is féidir bróisiúr ina dtugtar breac-chuntas ar thionscnaimh na bliana roimhe seo a rochtain anseo www.newrymournedown.org/communities-leading-change

Seo a leanas cuid de na príomhrudaí atá bainte amach againn:

- Bunaíodh Seacht bhFóram Toghlimistéir Ceantair (DEA)
- Cuireadh tús le tionscnamh Buiséadaithe Rannpháirtíochta um Pobail i gCeannas ar Athrú. Dáileadh méid iomlán de £30,000 do ghrúpaí pobail ar fud an cheantair, agus 2,000 duine rannpháirteach ann agus 70 grúpa maoinithe dá bharr. Chuir naoi gcomhpháirtí tacaíocht nó maoiniú ar fáil don tionscnamh sin.
- Forbraíodh Plean Gníomhaíochta um Riachtanais Thithíochta a gcuirfeadh i bhfeidhm ag an Fhoghrúpa um Riachtanais Thithíochta. Tá an plean gníomhaíochta ar fáil le híoslódáil ag: newrymournedown.org/delivering-your-plan
- Cuireadh Tionscadal Léarscáilithe Sócmhainní chun feidhme d'fhonn barrachas talún agus foirgneamh a shainaithint ar féidir iad a úsáid ar bhonn níos éifeachtaí.
- Bunaíodh Comhpháirtíocht Tacaíochta Pobail lena gcinntítear go n-oibríonn príomhsheirbhísí poiblí in éineacht le chéile mar fhreagairt ar riachtanais daoine leochaileacha.
- Tionscadal a fhorbairt d'fhonn atreorú daoine chuig saoráidí fóillíochta na Comhairle a chomhordú ar bhonn níos fearr.



Tionscadal Dhreach Cultúir an Atlantaigh arna sheoladh

Seoladh tionscadal £2m níba luaithe i mbliana atá dírithe ar limistéar an Atlantaigh agus atá maoinithe ag Clár Limistéar an Atlantaigh de chuid Interreg AE.

Beidh Comhairle an Iúir, Mhúrn agus an Dúin i gceannas ar an tionscadal trí bliana, in éineacht le sé réigiún de chuid limistéar an Atlantaigh. Is iad na sé chomhpháirtí Údarás Pháirc Náisiúnta Bannau Brycheiniog; Bardasacht Rio Maior sa Phortaingéil; Institiúid Teicneolaíochta Chorcaigh; Ollscoil Vigo sa Spáinn; Rialtas Áitiúil Cantabria agus Gníomhaireacht na hAndalúise d'Institiúidí Cultúrtha.

Is é an rud lena ndéantar an tionscadal seo uathúil ná an bhéim ar oidhreacht chultúrtha 'dholáimhsithe'; an t-eispéireas lena ndealaítear limistéar an Atlantaigh ó gach limistéar eile. Tá sé mar aidhm ag an tionscadal chun tabhairt faoi sin trí eispéiris chultúrtha iontaofa a shainaithint agus a fheabhsú, agus níos mó cuairteoirí agus eispéiris níos saibhre do chuairteoirí mar thoradh air sin.

Sa bhreis air sin, cruthófar táirgí oidhreachta cultúrtha doláimhsithe nua leis an scéim, mar aon le bealach Limistéar an Atlantaigh agus clár margaíochta trasnáisiúnta d'fhonn aitheantas agus feiceálacht araon a chruthú don limistéar.



Ag Tacú le Pobail

Mná 'Ag Athrú na hInsinte' in Ard Mhacha Theas

Thar chúrsa trí mhí, tháinig grúpa de 25 ban ó Ard Mhacha Theas le chéile chun cúig scannán a chruthú faoin snáithe choiteann 'Athraigh an Insint'.

Is iad na cúig théama ná amhráin an cheantair, ealaíontóirí ban, mná sa spórt, mná san fheirmeoireacht agus traidisiún na lásadóireachta. Trí na scannáin, a gabhadh thar 26 uair an chloig, tugtar cultúr saibhir an cheantair chun suntais, agus ag an am céanna taispeántar an nasc láidir idir glúine éagsúla na mban. Tá na scannáin ar fáil anois ar láithreán gréasáin Fháinne Cnoc Shliabh gCuillinn.

D'oibrigh Comhpháirtíocht Fháinne Cnoc Shliabh gCuillinn leis na comhpháirtithe 'Mná sa Chartlann' d'fhonn grúpaí áitiúla a earcú in Ard Mhacha Theas chun a gcuid smaointe féin a fhorbairt d'fhonn mná áitiúla a thabhairt chun suntais mar aon leis an tábhacht a bhaineann leo don phobal áitiúil agus dá oidhreacht.

Leis an tionscadal sin tugadh na rannpháirtithe le chéile agus na healaíona cruthaitheacha agus teicneolaíochtaí digiteacha á n-úsáid chun a samhlaíocht a spreagadh

agus chun ligean lena gcuid cruthaitheachta agus chun a saolta féin agus a scileanna a thabhairt chun suntais freisin. Leis an tionscnamh tugadh deis do na rannpháirtithe stair chonspóideach agus féiniúlacht a fhiosrú agus athmhuintearas a chur chun cinn.

Bhí na scannáin ina gcuid den tionscadal 'Mná sa Chartlann', atá ina chuid freisin de chlár níos mó 'Ag Déanamh na Todhchaí'. Tá an clár réigiúnach á soláthar ag cuibhreannas de phríomh-eagraíochtaí cultúrtha lena n-áirítear The Nerve Centre, Músaeim Náisiúnta, Tuisceart Éireann, Oifig Taifead Poiblí Thuaisceart Éireann, Leabharlann Halla an Línéadaigh, agus tá sé tacaíthe ag £1.82m de mhaoiniú ón AE faoin gClár PEACE IV, arna bhainistiú ag Comhlacht na gClár Speisialta AE (SEUPB).

Lean Fáinne Cnoc Shliabh gCuillinn ar Facebook nó Twitter le coinneáil cothrom le dáta maidir leis an mhéid atá ag tarlú nó tabhair cuairt ar a láithreán gréasáin ar www.ringofgullion.org chun clárú dá nuachtlitir mhíosúil le ríomhphost.



Óstálann DEA Chrotshliabh damhsa tae iarnóna um Aosú Dearfach

D'fhreastail níos mó ná 100 duine ar dhamhsa tae iarnóna Fhóram Thoghlímistéar Ceantair (DEA) Chrotshliabh i nDeireadh Fómhair 2019.

Ba dheis é an t-imeacht rathúil, d'fhothain Seachtain an Aosaithé Dhearfaigh a cheiliúradh, do dhaoine áitiúla chun teagmháil a dhéanamh lena chéile agus leithlisiú tuaithe a chomhrac.

Tugadh deis don lucht freastail freisin le labhairt le sealbhóirí stalláí, a bhí ann chun faisnéis a sholáthar faoi sheirbhísí amhail Déan an Glao, Baile Slán, an Chomhpháirtíocht Póilíneachta agus Sábháilteachta Pobail agus Sábháilteacht sa Bhaile, chomh maith le seirbhísí leabharlainne, fóillíochta agus iarsmalanna.

Dámhachtain £1.24m ón Chomhairle don earnáil phobail agus dheonach

Le linn na bliana 2019-2020, fuair Chomhairle an Lúir, Mhúrn agus an Dúin 697 n-iarratas ar chúnamh airgeadais ó ghrúpaí san earnáil phobail agus dheonach. As an líon sin, dámhadh £1.24m do 497 ngrúpa.

Sholáthair na grúpaí a chuir iarratas isteach cúnamh chun roinnt tionscnamh a mhaoiniú lena n-áirítear scéimeanna samhraidh, clár arna seachadadh ag an Chomhpháirtíocht Póilíneachta agus Seirbhísí Pobail (PCSP), scéimeanna dea-chaidreamh, imeachtaí agus féilte pobail, imeachtaí turasóireachta agus saoráidí pobail agus spóirt.



Oíche Ghrinn na hÓige ar an Iúr

Eagraíodh Oíche Ghrinn na hÓige ar an Iúr an 30 Lúnasa mar an chéad cheann de shraith imeachtaí don óige i Lár Chathair an Iúir. Chruthaigh an t-imeacht siamsaíocht mhalartach do dhéagóirí sa cheantar agus bhí sé dírithe ar theagmháil dhearfach a dhéanamh le daoine óga atá ina gcónaí sa cheantar.

Thacaigh Seirbhís Óige Údarás Oideachais TÉ, an Chomhpháirtíocht Póilíneachta agus Sábháilteachta Pobail (PCSP) agus Ceantar Feabhsúcháin Ghnó an Iúir leis an chlár.



Duaiseanna Spóirt IMD

I mbliana tá muid ag leanúint le tacaíocht a thabhairt do ghaiscí iontacha ár bpobal spóirt áitiúil.

Tá Duaiseanna Spóirt IMD i gcomhar le Cumann Spóirt an Lúir, an Dúin agus Ard Mhacha Theas (SANDSA) ag teacht ar ais tar éis rath an imeachta thionscnaimh dá chuid in Óstán Chúirt na Canála ar an Lúir.

Agus an oiread gaisce as cuimse carntha ag laochra spóirt ar fud an cheantair, tá iomaíocht ghéar ann don 11 duais atá ar tairiscint. Tá na hainmniúcháin dúnta anois agus déanfar na buaiteoirí a fhógairt ag searmanas ceiliúrtha na nduaiseanna san earrach. Leis na duaiseanna, tabharfar ómós d'iarreachtaí na gcóitseálaithe, na saorálaithe, na meantóirí, na múinteoirí agus na dtuismitheoirí uile dár gcuid a chuidíonn le ceantar an Lúir, Mhúrn agus an Dúin le bheith ina cheantar gníomhach agus sláintiúil.

Catagóirí na nDuaiseanna:

- Foireann Chlub Shóisearach na Bliana
- Foireann Chlub Shinsearach na Bliana
- Lúthchleasaí/Foireann na Bliana faoi Mhíchumas
- Seirbhísí Saoil don Spórt
- Saorálai Spóirt Óg na Bliana
- Saorálai Spóirt Sinsearach na Bliana
- Cóitseálai Míchumais na Bliana
- Oifigeach Teicniúil na Bliana
- Cóitseálai na Bliana
- Lúthchleasaí Óg na Bliana
- Lúthchleasaí Sinsearach na Bliana



Ag Tacú le Pobail

20



Ceiliúradh 20 Bliain Ionad an Droichid, Cill Ó Laoch

Le déanaí, cheiliúir Ionad an Droichid, Cill Ó Laoch, a chomóradh 20 bliain, agus thug sé cuirí do bhaill reatha agus d'iar-bhaill Choiste Stiúrtha Halla Chill Ó Laoch, d'úsáideoirí reatha agus do chomhairleoirí Rua-Oileán chuig imeacht arna thionól san ionad. D'fhreastail Leas-Chathaoirleach na Comhairle, an Comhairleoir Terry Andrews ar an cheiliúradh freisin.

Ag féachaint siar thar 20 bliain, labhair baill an Choiste Stiúrtha faoi na blianta a caitheadh i ndlúthchomhairle agus i bplé le grúpaí áitiúla, eagraíochtaí agus clubanna

chun an cineál saoráide a bhí de dhíth a shainaitheint, agus oscailt Ionad an droichid ina toradh air sin.

Chuimhnigh an grúpa ar an sean-am, d'fhéach siad ar ábhar cartlainne a bhain le cruinnithe, litreacha agus foilseacháin sa phreas áitiúil, agus d'fhéach siad siar ar an obair ina raibh an t-ionad rannpháirteach thar na blianta.

Mar aitheantas don chomóradh, bhronn an Comhairleoir Andrews plaic ar Roy Kelly, Bainisteoir Dualgais. Tá Ionad an Droichid ag tnúth leis na céad 20 bliain eile dá chuid!

Ionaid Pobail ag croílár a gceantar áitiúil

Tá a fhios againn go léir go bhfuil ionaid pobail ag croílár a gceantar áitiúil agus go gcuirtear áit ar fáil leo ina mbíonn daoine in ann teacht le chéile agus obair a dhéanamh le chéile chun á gceantar áitiúil a dhéanamh ina áit níos fearr chun cónaí inti.

I mbliana, soláthraíodh maoiniú do roinnt pobal le haghaidh ionaid nua, rud lena gcuirfead le saoráidí níos fearr a sholáthar do chónaitheoirí áitiúla.

£500,000 d'Ionad Pobail nua Thamhnaigh Naomh

Bhí lúcháir ar Chomhpháirtíocht Forbartha Tuaithe (RDP) Mhúrn, Shliabh gCuillinn agus Leath Chathail cúnamh deontais a sholáthar de £500,000 le haghaidh Ionad Pobail Thamhnaigh Naomh a osclaíodh le déanaí. Sa tsaoráid phobail dar luach £1.4m tá páirc 3G laistigh, seomraí gléasta, príomh-halla, stiúideo agus seomra cruinnithe.

Baineann an poitéinseal leis an tsaoráid chun tionchar suntasach a imirt ar fholláine fhisiceach agus shóisialta na gcónaitheoirí áitiúla. Ag an am céanna, soláthraítear spás pobail comhroinnte leis an ionad nua, le cuidiú le daoine athrú a dhéanamh laistigh dá bpobail féin.

Tá áthas ar RDP Mhúrn, Shliabh gCuillinn agus Leath Chathail le leanúint le maoiniú a chur ar fáil chun leasa na saoránach áitiúil trí infheistíocht i ngnólachtaí áitiúla a chur chun cinn, trí athnuachan sráidbhaile agus trí sheirbhísí tuaithe bunúsacha.

Bhí ról tábhachtach ag an Ghrúpa Gníomhaíochta Áitiúil maidir le rath an tionscadail agus leanann sé le tairbhí leanúnacha a sholáthar do chónaitheoirí áitiúla Chomhairle an Iúir, Mhúrn agus an Dúin.

Le haghaidh tuilleadh faisnéise seol ríomhphost chuig: RDP.Admin@mmandd.org

Ionad Nua do Bhóthar Cháití

Bhí áthas ar phobal Bhóthar Cháití gur osclaíodh a n-ionad pobail nua i Lúnasa 2019. Is é atá cuimsithe leis an ionad pobail nua seo dhá sheomra cluichí, oifig, saoráidí leithris agus príomh-halla a bheidh oiriúnach do raon leathan de ghníomhaíochtaí, lena n-áirítear iad siúd atá deartha chun sláinte agus folláine na gcónaitheoirí áitiúla a fheabhsú.

Beidh an t-ionad nua ina chuidiú le ceann amháin dár bpríomhaidhmeanna a chomhlíonadh, is é sin saoráidí ardchaighdeáin a sholáthar in éineacht le deiseanna comhpháirtíochta, d'fhonn a chinntiú gur féidir linn seirbhísí pobail inbhuanaithe a sholáthar.

Tá fonn orainn freisin cumas an phobail a fhorbairt d'fhonn daoine a chumasú athruithe a dhéanamh ina gceantair áitiúla féin. D'fhonn an aidhm sin a chur ar aghaidh, déanfaidh Cumann Pobail Bhóthar Cháití an t-ionad nua a bhainistiú, trí chomhaontú Bainistíochta Saoráide leis an Chomhairle.

Tá muid ag tnúth leis na torthaí air sin a fheiceáil sna míonna le teacht.

Ionad Pobail Chaisleán Uidhilín

Fuair Ionad Pobail Chaisleán Uidhilín maoiniú dar luach £750,000 ó Chiste Infheistíochta Sóisialta na hOifige Feidhmiúcháin le haghaidh a athnuachana. Sainaitníodh an tionscadal mar thosaíocht i bPlean Sráidbhaile Chaisleán Uidhilín mar gheall ar easpa saoráidí iomchuí don phobal agus don óige sa cheantar.

Oibreofar an t-ionad nua mar chlub óige, mar ionad soláthair na luathbhlianta agus mar shaoráidí eile don óige. Méadófar rochtain an phobail áitiúil agus níos leithne leis ar sheirbhísí amhail naíonra pobail, grúpaí máithreacha agus leanaí agus 'Home-Start'.

Leis an athnuachan sin ar a bhfuil gá géar, ligtear do Chomhpháirtíocht Phobail Chaisleán Uidhilín, eagraíocht dheonach a reáchtálann an tsaoráid phobail, chun rochtain ar sheirbhísí pobail a mhéadú do dhaoine ó Chaisleán Uidhilín agus ó cheantair máguaird trí thimpeallacht atá oiriúnach don fheidhm, slán agus struchtúrtha a sholáthar ina mbeidh siad in ann forbairt a dhéanamh, scileanna nua a ghnóthú agus comhairle a iarraidh.



**Mournes,
Gullion &
Lecale**

Rural Development
Partnership



Tusa a choimeád slán ó dhochar

Creideann Comhairle an Lúir, Mhúrn agus an Dúin go bhfuil an ceart ag gach duine ar a bheith slán ó dhochar, ar a gcuid ceart agus roghanna a bheith cosanta agus ar a bheith in ann a n-acmhainn iomlán a réadú.

Tá muid tiomanta do leanaí uile agus d'aoisigh leochaileacha a chur ag croílár gach rud a dhéanann muid. Mar chuid de sin, d'fhoilsigh muid bileoga faisnéise maidir le Cumhdach dóibh siúd uile a úsáideann ár saoráidí.

Tá faisnéis thábhachtach sna bileoga sin maidir le cad le déanamh má tá imní ar bith ort faoi shábháilteacht linbh nó aoisigh leochailigh agus ceann ar bith dár saoráidí á úsáid, lena n-áirítear sonraí teagmhála maidir le hoifigigh agus gníomhaireachtaí ábhartha.

Soláthraítear faisnéis úsáideach leo freisin maidir le Beartas Grianghráfadóireachta na Comhairle, tacaíocht d'íospartaigh drochíde sa teaghlach, freagrachtaí tuismitheoirí agus caomhnóirí agus iad ag fágáil nó ag bailiú leanaí nó aosach i mbaol ónár saoráidí, agus maidir le húsáid Leisurewatch chun leanaí agus aoisigh i mbaol a chosaint.



Forbairt RAPID ar fud an cheantair

Rinneadh é níos éasca chun drugaí ar oideas neamhúsáidte a dhiúscairt trí thabhairt isteach thionscnamh RAPID arna threorú ag an bpobal.

Tugtar tacaíocht don scéim RAPID sa réigiún ag an SPTÉ agus ag an Ghníomhaireacht Sláinte Poiblí, agus ar bhonn áitiúil ag Comhpháirtíocht Póilíneachta agus Sábháilteachta Pobail (PCSP) an Lúir, Mhúrn agus an Dúin. Tríd an tionscnamh déantar baint gach cineál druga ar oideas ón phobal a éascú trí shaoráid shábháilte a sholáthar chun na míreanna sin a dhiúscairt.

D'oibrigh an PCSP le comhpháirtithe sa phobal agus le gnólachtaí áitiúla chun láithreacha oiriúnacha a shainnithint le haghaidh gabhdán diúscairthe drugaí RAPID a láithriú ar fud cheantar ár gComhairle. Suiteáladh an chéad gabhdán RAPID inár gceantar ag Ionad Nautilus i gCill Chaoil i nDeireadh Fómhair 2018. Ó shin amach, suiteáladh gabhdáin RAPID ag Carrchlós na Sráide Thuaidh, an tLúir, ag Coimpléasc NISA Extra Uí hAodha, Camloch, ag Ionad Bhaile an Mhóta, Dún Pádraig agus ag Ionad Fóillíochta an Lúir.

Baineadh níos mó ná 12,000 mír de leigheasra ar oideas ó na gabhdáin RAPID sin sa bhliain seo a chuaigh thart, agus fuarthas réidh leo go sábháilte agus coinníodh iad as mí-úsáid. Bua ag gach taobh.



Teicnící tiomána sábháilte do dhaoine óga

Is mó seans go mbeidh timpistí ag tiománaithe óga ar na bóithre ná aoisghrúpa ar bith eile.

Agus sin ar eolas aige, d'éagraigh Fóram Thoghlimistéar Ceantair (DEA) Rua-Oileáin imeacht tiomána sábháilte, i gcomhpháirtíocht le gníomhaireachtaí eile, ag raon rásaí Chúirt an Easpag i Meán Fómhair.

Bhí 32 duine óg ó Ardscoil Bhaile na hInse agus ionadaithe ó Theicnící Tiomána, Raon Rásaí Chúirt an Easpag, Ionsamhlóir Tiomána Evo, an Chomhpháirtíocht Póilíneachta agus Sábháilteachta

Pobail (PCSP), SPTÉ agus Seirbhís Dóiteáin agus Tarrthála Thuaisceart Éireann (NIFRS) rannpháirteach san imeacht

Fuair rannpháirtithe láithreoireacht ón NIFRS maidir le tiomáint shábháilte agus cur isteach a sheachaint agus iad ag tiomáint, agus ansin thiomáin siad thart ar an chiorcad rásaí agus teagascóir tiomána á dtionlacain agus bhain siad úsáid as Ionsamhlóir Tiomána Evo. Bhí deis acu chun foghlaim faoi shábháilteacht bonn agus chun speaclaí réaltachta fíorúla a úsáid agus taithí a fháil dóibh féin ar bheith rannpháirteach i dtimpiste bóthair.

Comhairle an Iúir, Mhúrn agus an Dúin chun tosaigh maidir le hinfheistíocht dhigiteach



Tá naisc dhigiteacha, ghasa iontaofa níos tábhachtaí ná riamh sa lá atá inniu ann, agus tá sé ríthábhachtach go gcoimeádtar ár gceantar cothrom le dáta. Is príomh-bhall an Chomhairle de Chuibhreannas Snáithín Iomláin Thuaisceart Éireann (FFNI - Full Fibre Northern Ireland), atá comhdhéanta de na 10 n-údarás áitiúil lasmuigh de Bhéal Feirste.

Dhámh an Roinn um Ghnóthaí Digiteacha, Cultúr, Meáin agus Spórt (DCMS) £15m don Chuibhreannas chun clár comhoibríoch nua a chur i bhfeidhm d'fhonn infheistíocht níos mó a spreagadh sa bhonneagar snáithín agus digiteach ar fud Thuaisceart Éireann.

Trí chlár seachadta chéimnithe an Chuibhreannais déanfar infheistíocht sa Líonra Snáithín Iomláin Áitiúil (LLFN) a bhainistiú. Déanfar bainistíocht leis freisin ar sheachadadh tionscnamh breise maidir le leathanbhanda snáithín agus cinnteofar leis go mbeidh nasc áitiúil tábhachtach ann do chlár dhigiteacha amach anseo.

Cláir forbartha gnó ag dul ó neart go neart

In 2019 sheol muid dhá chlár forbartha agus tacaíochta gnó, agus tacaíocht saor in aisce á soláthar maidir le meantóireacht agus comhairleoirí gnó gairmiúla rannpháirteach iontu.

Beidh an dá chlár ar fáil suas go dtí Nollaig 2022, agus le linn na tréimhse sin beidh muid ag iarraidh tacaíocht a thabhairt do suas le 900 gnólacht ó cheann ceann an cheantair. Sa bhreis ar mheantóireacht duine le duine, tá deiseanna ann chun páirt a ghlacadh i gceardlanna, i gcláir agus in imeachtaí líonraithe, agus chun éisteacht le comhairleoirí gnó ag a bhfuil seantaithí, agus chun líonrú le bainisteoirí agus úinéirí gnólaigh eile.

Faigh amach conas is féidir leat agus le do ghnólacht tacaíocht a rochtain trí chlár um Fhás an Ghnó de chuid IMD, trí theagmháil a dhéanamh leis an fhoireann Forbartha Gnó: business@nmandd.org

Tá an clár seo maoinithe i bpáirt ag Infheistíocht Thuaisceart Éireann agus ag Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa faoin Chlár um Infheistíocht le haghaidh Fáis agus Post Thuaisceart Éireann (2014-2020).



NMD
BUSINESS
GROWTH



European Union
European Regional
Development Fund

Investment for Growth and Jobs

Gnólachtaí nua cláraithe don chlár fáis

Tá céad gnólacht áitiúil cláraithe do Chlár um Fhás Gnólachtaí de chuid IMD, atá ag spreagadh fáis eacnamaíoch trí chlár saincheaptha de mheantóireacht, de líonrú agus d'imeachtaí ceardlainne sprioctha.

Is príomhthosaíocht é dár gComhairle na FBManna (Fiontair Bheaga agus Mheánmhéide) dár gcuid á fhás agus dearadh an Clár um Fhás Gnólachtaí de chuid IMD chun cuidiú le daoine a ngnólachtaí a fhás agus a fhorbairt.

Tá líon fairsing de chomhairleoirí gnó gairmiúla rannpháirteach sa tionscnamh, a thairgeann tacaíocht i

réimsí atá rithábachtach maidir le gnólachtaí beaga a chuidiú. Is príomhghné í meantóireacht duine le duine agus cinntítear léi go bhfaigheann gnólachtaí an chomhairle cheart agus go gcuidítear leo a gcuideachtaí a fhás ar bhonn inbhuanaithe.

Tá Clár um Fhás Gnólachtaí de chuid IMD oscailte do ghnólacht beag ar bith ina bhfuil líon níos lú ná 50 fostaithe i gceantar Chomhairle an Iúir, Mhúrn agus an Dúin. Is féidir le gnólachtaí iarratas a dhéanamh trí ríomhphost a sheoladh chuig business@nmandd.org.

Nár mhaith leat 'Dul san Fhiontar'?

Má tá tú ag smaoineamh faoi do ghnólacht féin a thionscnamh, is féidir leat pacáiste cuimsitheach de thacaíocht a rochtain maidir le do smaoineamh le haghaidh gnólacht nua tríd an chlár 'Dul san Fhiontar'.

Is féidir linn cuidiú leat an chomhairle agus an cúnamh a fháil atá riachtanach chun do ghnólacht a chur chun cinn.

Is féidir leat clárú anois chun an méid a leanas a fháil:

- cruinniú pleanála gnó duine le duine le comhairleoir gnó
- treoir shaincheaptha chun do phlean gnó a fhorbairt
- ceardlann airgeadais agus pleanála gnó
- comhairle maidir le conas deontais agus maoiniú a rochtain
- treoracha, uirlisí agus físeáin maidir le dea-chleachtas agus a lán níos mó le cuidiú leat tús a chur leis.

Má tá spéis agat ann is féidir leat teagmháil a dhéanamh ar an líne fhiosrúcháin shaorghlao don chlár Dhul san Fhiontar ar 0800 027 0639, nó cuairt a thabhairt ar láithreán gréasáin an chlár ag www.goforitni.com nó teagmháil a dhéanamh lenár bhfoireann Forbartha Gnó ag business@nmandd.org

Tá an clár seo maoinithe i bpáirt ag Infheistíocht Thuaisceart Éireann agus ag Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa faoin Chlár um Infheistíocht le haghaidh Fáis agus Post Thuaisceart Éireann (2014-2020).



We're for any business ideas. Big or small.

To arrange a **FREE** meeting to develop your business plan with your local council call **0800 027 0639** visit **goforitni.com**

GO for it

European Union
European Regional Development Fund
Investment for Growth and Jobs

Comhairle ceantair
an Iúir, Mhúrn agus an Dúin
Newry, Mourne and Down
Districts Council

This project is part funded by Invest Northern Ireland and the European Regional Development Fund under the Investment for Growth & Jobs Northern Ireland (2014-2020) Programme.

Tairseach foghlama ar líne do Bhaill thofa agus don fhoireann seolta ag an Chomhairle

Tá sé tábhachtach dúinn cuidiú lenár nBaill uile agus lenár bhfoireann deiseanna foghlama agus forbartha a rochtain ionas gur féidir leo cur go hiomlán le cuspóirí ár rannóg agus na Comhairle.

Is timpeallacht foghlama ar líne nua ‘Linn Foghlama’ de chuid na Comhairle ar a bhfuil modúil ríomhfhoghlama agus acmhainní á n-óstáil ar a bhfuil rochtain ó ghaireas cliste ar bith, ag am, in áit agus ar luas is oiriúnaí don úsáideoir.

Tríd an tionscnamh nua sin, ligfear do chur chuige níos solúbtha, níos cumaiscthe maidir le foghlaim agus forbairt d’fhonn a bheith oiriúnach do riachtanais

foghlama éagsúla agus cuirfear ar chumas na bhfostaithe agus na mBall tofa leis cur ar bhonn éifeachtach le rath na heagraíochta anois agus sa todhchaí araon.

Tugtar tacaíocht leis na modúil ríomhfhoghlama do raon éagsúil de ról sa Chomhairle amhail Cumhdach, Sláinte agus Sábháilteacht, Comhionannas ag an Obair agus an Cód Iompraíochta. San áireamh leis freisin tá éagsúlacht leathan de mhodúil chun tacú le scileanna Microsoft, le forbairt phearsanta, le sláinte agus folláine mar aon le modúil shainiúla chun tacú le Baill thofa ina ról.

Maoiniú aimsithe ag saotharlann THINC

D’éirigh le Comhpháirtíocht Athnuachana Comharsanachtaí an Iúir maoiniú caipitil breise a aimsiú d’fhonn an tsaotharlann THINC nua a chur i gcrích ag Ionad Gnó WIN ar an Iúir. Dhámh an Roinn Pobal an maoiniú don tionscadal nuálach seo.

Le saotharlann THINC cuirfear ar chumas daoine chun buaileadh le chéile, obair a dhéanamh, teagmháil a dhéanamh le chéile agus foghlaim, agus soláthrófar saoráid neodrach dóibh chun cruinnithe, comhdhálacha agus imeachtaí a thionól.

Leis an mhaoiniú £250,000 déanfar aonad folamh ag an ionad gnó a uasghrádú agus nuair a bheidh sé críochnaithe, cuirfear spás plean oscailte mór ar fáil ar an bhunurlár a bheidh oiriúnach d’oilíúint, do ghrúpaí a éascú agus do sheisiúin ghrúpoibre, mar aon le limistéar cruinnithe neamhfhoirmiúil do sheisiúin leithleacha agus ocht ‘gcohall gorlainne’ fiontraíochta ann maidir le hoiliúint um thástáil.

Táthar ag súil go gcuirfear an tionscadal i gcrích faoi Mhí Feabhra 2020.

Déantús Áitiúil

Tá raon ollmhór de tháirgí ceardaíochta agus bia le fáil inár gceantar agus tá muid ag baint lántairbhe astu.

Tá an feachtas ‘Déantús Áitiúil’, arna dheardh chun táirgí áitiúla agus ceardaíocht áitiúil a spreagadh agus a chur chun cinn, ag dul ó neart go neart i mbliana.

Eagraíodh sraith d’imeachtaí rathúla ar fud an cheantair mar chuid den tionscnamh, lenar áiríodh margaí na bhfeirmeoirí i gCill Chaoil, margaí ceardaíochta i mBaile na hInse agus tob-imeachtaí ceardaíochta i dTamhnaigh Naomh agus i gCaisleán Nua.



Eispéireas ‘sármhaith’ do chuartheoirí arna sheachadadh ag iarsmalanna áitiúla

Ba bhliain thar a bheith gnóthach an bhliain seo caite d’Iarsmalann Chontae an Dúin agus d’Iarsmalann an Iúir agus Mhúrn, agus gníomhaíochtaí do scoileanna agus do theaghlaigh, cainteanna agus ceardlanna ceardaíochta ar siúl iontu chomh maith le trí thaispeántas shealadacha nua a rinneadh a nochtadh iontu. Ba bhuaicphointe amháin ná an rátáil ceithre réalta a thug Turasóireacht Éireann don dá iarsmalann sa chatagóir ‘Sármhaith’, agus lean siad chun obair a dhéanamh lena gcomhpháirtithe straitéiseacha chun an t-eispéireas do chuartheoirí a fheabhsú.

Bhí an-áthas ar Iarsmalann an Iúir agus Mhúrn chun a treoir fuaimhe nua a sheoladh, lena gcuirtear turais ar an Iarsmalann ar fáil i mBéarla, i nGaeilge, i nGearmáinis agus i bhFraincis agus lena n-áirítear leagan atá dírithe ar dhaoine óga. Ghlac an Iarsmalann páirt freisin sa ‘Seal Déanach’ – sraith d’imeachtaí oíche d’aoisigh amháin in Iarsmalanna ar fud Thuaisceart Éireann, a bhí dírithe ar dhaoine 18 mbliana d’aois nó níos sine a spreagadh triail a bhaint as oíche amuigh de chineál éagsúil ag a n-Iarsmalann áitiúil. Don imeacht ‘Carnabhal an Aoibhnis’ dá cuid, athraíodh Iarsmalann an Iúir agus Mhúrn ina seó sráide sorcais le damhsóirí tine, arna dtionlacain le ‘cláirseoir contúirteach’, fuirseoirí agus draíodóirí. Leis an imeacht díolta amach, ina raibh an chuid is fearr de bhia agus de dheoch áitiúil ina gné, spreagadh an lucht freastail chun glacadh lena dtaobh dorcha agus stair shaibhir na dtaibhealaíon ar an Iúir a cheiliúradh.

Chuaigh Iarsmalann Chontae an Dúin ó neart go neart freisin in 2019. Trí obair a dhéanamh le Féile ‘Down Time’ agus le margadh na gceardaithe, leanann an Iarsmalann chun luchtanna freastail nua a tharraingt.

Ealaíona do chách ag ionaid ealaíon áitiúla uile

Bíonn fuadar gníomhaíochta faoi chách in Ionad Ealaíon an Dúin agus i dTeach Éigse Sheáin Uí Chuileannáin maidir le taibhléirithe beo agus gníomhaíocht phobail. In éineacht leis an chlár ealaíonta dá gcuid, óstálann ár n-ionaid ealaíon i nDún Pádraig agus ar an Iúir gníomhaíochtaí lena gclúdaítear gach déimeagrafach, ó ranganna damhsa do pháistí go clár leathan do dhaoine scothaosta.

Chomh maith lena chlár séasúrach de thaibhléirithe beo i nDún Pádraig, bíonn an fhéile ‘Laethanta Samhraidh agus Oícheanta Samhraidh’ ar phromanáid an Chaisleáin Nua ina cuid de chlár Ionad Ealaíon an Dúin le linn mhíonna an tsamhraidh. Agus í ar siúl le 16 bliana anois, saibhríonn an fheile an méid a bhíonn ar tairiscint mar shiamsaíocht don lucht saoire agus do dhaoine áitiúla le linn Lúnasa agus Iúil.

Cuireadh roinnt taibhléirithe iontacha i láthair freisin i dTeach Éigse Sheáin Uí Chuileannáin in 2019, lena áiríodh taispeántais den chéad scoth amháil Paul Brady agus Fews Ensemble, agus Ciarán Hinds rannpháirteach ann, agus beocht agus saibhreas cultúrtha á gcur le cathair an Iúir.

Más mian leat níos mó a fháil amach faoin mhéid a bhíonn ar siúl in aice leatsa, faigh clár Ealaíon agus Cultúir ag ceann de na hionaid ealaíon nó Iarsmalanna de do chuid.



Tagann Blas an Oileáin chuig ceantar an Iúir, Mhúrn agus an Dúin

I mbliana, tháinig ‘Blas an Oileáin’ chuig ár gceantar. Le ‘Blas an Oileáin’ cuirtear bia agus deoch ar oileán na hÉireann chun cinn agus i mbliana bhí ceantar an Iúir, Mhúrn agus an Dúin in ann bia, deoch, ceol agus cáilíocht, cruthaitheacht agus fiontraíocht dhochreidte na dtáirgeoirí áitiúla a cheiliúradh.

Ó Mhí Feabhra go Samhain, chuaigh Turasóireacht Thuaisceart Éireann, Fáilte Éireann agus Turasóireacht Éireann linne chun bia agus deoch a cheiliúradh, agus an méid atá againn sa cheantar á thabhairt chun suntais. Bhí níos mó ná 50 imeacht ar siúl agus turais ar dhrioglanna agus ar ghrúdlanna, taenna iarnóna agus imeachtaí cuardaigh foráiste san áireamh, chomh maith le roinnt féilte agus imeachtaí, lena áiríodh féile bia ag Caisleán Chill Shléibhe arna oscailt le déanaí.

Bhí spraoi ann sna féilte don teaghlach iomlán agus marcaíocht ar chapailíní, péinteáil aghaidheanna, múnlú balún agus stallai bia mórílimh ag baint leo, agus raon leathan de rudaí blasta acu go léir.

Bí ag féachaint amach le haghaidh imeachtaí breise ‘Blas an Oileáin’ i bhfómhar 2020: visitmournemountains.co.uk/tastetheisland



Féilte agus Imeachtaí



Sléibhte, miotais agus spraoi muiri

Bíonn tirdhreacha, sléibhte agus cóstaí uathúla an cheantair seo i gcónaí ag croilár ár bhféilte agus ár n-imeachtaí suaitheanta.

Rinne cuairteoirí agus daoine áitiúla araon iad féin a ghrianadh sa solas gréine iontach ag ár nÉachtaí Ollmhóra le linn 2019: Coiscéimeanna san Fhoroais, Féile na hEitilte agus Dúisigh an Fathach. Bhí an aimsir thar a bheith cineálta ar Lá 'le Pádraig ar an lúr agus i nDún Pádraig, agus lá amuigh speisialta á chinntiú do theaghlach chun sult a bhaint as na paráidí iontacha.

Tháinig Fleadh Cheoil Uladh ar ais arís chuig Caisleán Uidhilín, agus bhí Craobhchomórtais Uladh de Chumann Bannaí Píob Ríoga na hAlban ar siúl i bPáirc Dónairt i gCaisleán Nua.

Óstáladh na féilte éagsúla iontacha SOMA, Fiddler's Green agus 'lúr Cinn Fleadh' freisin sa cheantar, mar aon le bliain comóraidh Ógmhá Bheanna Boirche agus imeachtaí lasta soilse na Samhna agus na Nollag i mbailte agus i sráidbhailte. Tacaíodh le go leor imeachtaí spóirt, pobail agus faoin aer freisin.

Coiscéimeanna san Fhoroais

Tharraing Coiscéimeanna san Fhoroais na sluaite arís agus an-fhonn orthu cuidiú lenar laoch Fionn Mac Cumhail a namhad buan, an Cailleach Béara, a bhualadh. Agus í ina láthair a mbíonn an-tóir uirthi i rith na bliana, ba chúlra iontach í Páirc Fhoroise Shliabh gCuillinn do dhrámaíocht, sorcas, scéalaíocht, ceol agus draíocht.

FOOTSTEPS IN THE FOREST

Féile na hEitilte

Rinneadh Féile na hEitilte i gCaisleán Nua a sceidealú i mbliana do Mhí an Mheithimh, d'fhonn a chinntiú go mbeadh na Red Arrows i láthair. Agus seó den chéad scoth a bhí ann! Ba é imeacht na Comhairle an t-aon imeacht ar oileán na hÉireann chun na Red Arrows a aimsiú in 2019, agus bhí siad i réim ar an spéirlíne agus taispeántas iontach á dhéanamh acu san aer. Tharla an t-imeacht ar cheann de laethanta is fearr an tsamhraidh in 2019, agus bhí Páirc an Chaisleáin plódaithe le cuairteoirí, agus taitneamh á bhaint acu as an bhia, an atmaisféar agus na taispeántais.

Dúisigh an Fathach

Chuir an Pointe fáilte roimh na mílte chun sult a bhaint as dhá lá de ruaille buaille agus de mhacnas lán de spraoi, agus Fionn Mac Cumhail (agus a 'mhionsamhail' inbhailithe) ag teacht ar ais chuig cósta Loch Chairlín. Agus dlús curtha leis an fhéile gach bliain, spreagadh gnólachtaí agus an lucht féachana chun smaoineamh ar dhóigheanna fiú níos cliste chun Fionn a dhúiseacht, agus seó deiridh iontach i bPáirc Chluain Dalláin chun í a chríochnú.

Coinnigh súl ar láithreáin ghréasáin na Comhairle agus Visit Mourne. Tá pleanáil ar siúl cheana féin dár n-imeachtaí in 2020 – ná caill iad!



Imeachtaí gailf nár cheart a chailleadh

A leithéid de bhliain iontach do ghalf sa réigiún i mbliana. Bhí an t-ádh orainn go raibh an oiread sin cuairteoirí intíre agus idirnáisiúnta againn ón Chraobhchomórtas Oscailte ag Port Rois Ríoga, a d'imir agus a d'fhan inár gceantar.

Bhí ár gcomórtais thrí lá féin i Lúnasa, Trófaí an tSamhraidh agus an Comórtas Sóisearach, an-rathúil ar fad. Tarraingíodh níos mó ná 150 cuairteoirí isteach le Trófaí an tSamhraidh ó 10 dtír éagsúla agus ghlac níos mó ná 100 imreoirí páirt sa Chomórtas Sóisearach, agus iad go léir in iomaíocht don teideal de Sheaipíní 2019.

Bhí Trófaí an tSamhraidh ar siúl ar chúrsaí gailf ag an Spá agus ag Ard Ghlais, roimh an bhabhta deiridh ag Club Ríoga Gailf Chontae an Dúin. Imríodh an Comórtas Sóisearach ag an Phointe agus i gCill Chaoil, agus na 20 imreoirí is fearr cáilithe le himirt ag Club Ríoga Gailf Chontae an Dúin. Críochnaíodh an t-imeacht le dinnéar ceiliúrtha ag Ionad Saoire agus Spá Óstán Shliabh Dónairt – deireadh oiriúnach le haghaidh iomaíocht iontach.



CANN - an méid is féidir linn a dhéanamh ar son an chomhshaoil

Tá ár gComhairle chun tosaigh maidir le tionscadal caomhnaithe tábhachtach, agus na trí dhlíne d'Éirinn, Thuaisceart Éireann agus Albain á gcuimsiú. Tacaítear leis an tionscadal, dar teideal Gníomhaíocht Chomhoibríoch ar son Líonra Natura (CANN), ag Clár INTERREG VA an Aontais Eorpaigh, atá bainistithe ag Comhlacht na gClár Speisialta AE (SEUPB).

Tá an tionscadal beartaithe chun riocht na dtailte portaigh agus

na mbogach atá ag meathlú a fheabhsú, agus chun na hainmhithe agus na plandaí i mbaol atá le fáil ansin a chosaint.

Tá gníomhaíochtaí caomhnaithe á ndéanamh ag foireann an tionscadail agus tá sí ag obair taobh le pobail chun inbhuanaitheacht na dtírdhreach luachmhar, na speiceas íocónach agus láithreán uathúil sin a bhainistiú agus a dhéanamh slán. Áirítear leis an tionscadal obair ar na Limistéir Speisialta faoi Chaomhnú ag Tír Meannán, gar don Chrois Ghearr, Eanaigh Leath Cathail gar do Dhún Pádraig, Cill Locha, agus Loch Cuan.

Mar chuid den tionscadal, tháinig foireann CANN ar speiceas neamhchoitianta de sheilide ag Limistéar Speisialta faoi Chaomhnú (SAC) Eanaigh Leath Cathail. Tháinig foireann speisialtóirí a bhí

ag déanamh suirbhéanna allamuigh sa cheantar ar sheilide rinseach Desmoulin, ar a dtugtar an t-ainm eolaíochta *Vertigo moulinsia*.

Bhí seilide rinseach Desmoulin ag dul i léig le blianta beaga anuas, mar thoradh ar dhraenáil na mbogach agus ar athruithe ar chleachtas bainistíochta talún. Seo an chéad uair a fuarthas an speiceas riamh i dTuaisceart Éireann.

Lenár rannpháirtíocht sa tionscadal sin, taispeántar ár dtiomantas leanúnach don chomhshaoil, ar leibhéal áitiúil agus ar scála domhanda araon. Chun a thuilleadh faisnéise a fháil faoi thionscadal CANN, déan teagmháil le: 0330 137 4000.





Bliain an-rathúil don athchúrsáil



Téann IMD leis an réabhlóid Refillution

Le tamall anuas bhí an Chomhairle ag iarraidh laghdú a spreagadh maidir le húsáid coimeádán plaisteach aonúsaíde. Mar chuid den iarracht sin, tá muid ag tacú le feachtas nua ‘#Refillution’ de chuid Uisce Thuaisceart Éireann, trína ndéantar iarracht gach duine a spreagadh chun buidéal uisce in-athlionsa a úsáid seachas buidéil phlaisteacha aonúsaíde a cheannach.

Úsáidtear 145 bhuidéal plaisteach aonúsaíde i dTuaisceart Éireann gach bliain. Trí aistriú go húsáid buidéil in-athlionsa, is féidir le cách cuidiú le dramhaíl phlaisteach a laghdú. Is fadhb ollmhór iad plaistigh aonúsaíde, a mharaíonn na mílte d’ainmhithe mara agus d’éin a itheann an dramhaíl phlaisteach nó a théann i bhfostú sa dramhaíl phlaisteach gach bliain.

Mar chuid den fheachtas sin, chuir muid grúpa oibre ar bun d’fhonn deireadh a chur le plaisteach aonúsaíde a úsáid ar bhonn céimneach, lena n-áirítear foirc, sceana, plátaí agus cupáin, coimeádáin ghlantacháin agus pacáistíocht.

Chuir ár bhFoireann Sláinte agus Folláine buidéal uisce in-athlionsa ar fáil do gach ball foirne de chuid na Comhairle le coinneáil hidráitithe agus uisce as an sconná á úsáid, agus ar an bhealach sin ár n-iarmhairt ar an chomhshaoil a laghdú. Tá fuaráin bhreise ó phríomhlinte uisce á dtabhairt isteach ag an Chomhairle ar fud na bhfoirgneamh dá cuid. freisin

Don chéad chéim eile den fheachtas ‘Refillution’ déanfaidh muid gnólachtaí áitiúla a mhealladh chun clárú leis an fheachtas ‘Refillution’, agus gheobhaidh na céad 100 gnólacht a chláraíonn 10 mbuidéal in-athúsáide dá bhfoirne.

Tá sé éasca le bheith rannpháirteach ann. Níl le déanamh ach #Jointherefillution #Refillution @niwnews @JoinRefillution a haischlibeáil agus cuir tús le comhroinnt le do chairde. Chun a thuilleadh faisnéise a fháil faoin fheachtas féach www.niwater.com/refillution

In 2018/2019, mhéadaigh ár gceantar an ráta athchúrsála ó 46% go dtí céatadán ar dóigh de 51% i mbliain amháin. De bharr na sár-iarrachta sin, is é ár gceantar an ceantar is mó feabhas i dTuaisceart Éireann.

Ní amháin sin, ach is sinne an chomhairle is mó feidhmíocht i dTuaisceart Éireann i dtaca le conas a dhéanann muid ár ndramhaíl a chóireáil: seoltar níos lú ná 5% den dramhaíl a bhailítear chuig líonadh talún.


D’fhéach muid athchúrsáil a dhéanamh chomh héasca agus is féidir trí bhailiú gloine a chaighdeánú. Rinne muid ár sceidil maidir le bailiú dramhaíola a shimpliú agus de réir cosúlachta tá sé ag éirí leis. I gcomparáid le 2017/2018, laghdaíodh ár ndramhaíl ó ghabhdáin

dhubha faoi 11.7% agus méadaíodh dramhaíl ó ghabhdáin dhonna faoi 26%, d’ainneoin níos mó ná 5,000,000 bailiúchán gabhdán a sholáthar gach bliain. Is toradh iontach é sin.

Rinne muid Suirbhé ar Theaghlach freisin a nochtadh go bhfuil athchúrsáil tábhachtach do 86% de chónaitheoirí. Ba mhaith an rud le bheith ar an eolas go raibh 93% díobh siúd a bhain úsáid as seirbhísí athchúrsála sásta leo.

Faoi dheireadh, bhí ár bhfoireann Bainistíochta agus Athchúrsála Dramhaíola sa bhabhta ceannais maidir leis na duaiseanna don fhoireann is fearr de chuid an Chomhlachais um Barr Feabhais sa tSeirbhís Phoiblí.

Leanaimis leis an dea-obair!



Comharsanachtaí Níos Glaine & Níos Glaise

Recycle Glass in your Blue Bin



Glass Recycling Guide Glass Bottles and Jars Only

YES (clean and dry)

- ✓ Bottles of any colour (eg beer, spirits, wine)
- ✓ Jars (eg baby food, jam, sauces)
- ✓ Non food bottles (eg aftershave, face creams, perfume)

NO

- ✗ All other types of glass (glassware, light bulbs, microwave plates, mirrors, nail polish bottles, pyrex, vases and window glass)
Please dispose of these items in your black bin or at your local household recycling centre

Don't forget glass and other recyclable materials **MUST NOT** be placed in your black bin. All food waste **MUST** be recycled in your brown bin.



Osclaítear Céim II de Reilig Bhardasach Loch Inse

Ag deireadh Dheireadh Fómhair 2019, d'oscail an Chomhairle Céim II de Reilig Loch Inse, Baile na hInse. Osclaíodh an chéad chéim de Reilig Loch Inse i 1986 agus forbraíodh tri chuid ar leith di.

Tharla an chéad adhlacadh an 30 Nollaig 1989, agus faoi láthair tá 350 duine adhlactha sa reilig seo. Tá an toilleadh teoranta, agus mar gheall air sin bhí cuid nua ag teastáil. Leis an síneadh soláthrófar 237 n-áit uaihe bhreise, agus dhá adhlacadh in aghaidh na huaighe.

Chuir muid síneadh i gcrích cheana féin ar Reilig na Srúille i nDún Pádraig agus tá pleananna idir lámha againn chun síntí a sholáthar leis na trí reilig eile atá fágtha, Cnoc na Manach, an Pointe agus Cill Bhrónaí.



Tuarascáil Bhliantúil 2019/20

Fíricí agus figiúirí

Tá Comhairle an Iúir, Mhúrn agus an Dúin freagrach as raon leathan de sheirbhísí a sholáthar do ghnólachtaí agus do chónaitheoirí, lena n-áirítear rialú tógála, ceadúnú madadh agus siamsaíochta agus sábháilteacht ár stáisiún peitрил a chinntiú.

Le linn na bliana airgeadais 2019/2020 fuair muid 2,624 iarratas um rialú tógála agus rinne muid 12,232 iniúchadh ar láithreáin. Mar chuid dár seirbhís tá muid in ann cuidiú le dearthóirí, le tógálaithe agus leis an phobal rialacháin thógála a chomhlíonadh..

Is cuid thábhachtach d'fheidhmeanna na Comhairle ceadúnú, agus cinntítear leis go gcloítear le rialacháin sláinte agus sábháilteachta thábhachtacha. I mbliana d'eisigh muid 5,312 cheadúnas madaidh mar aon le 276 cheadúnas siamsaíochta maidir le himeachtaí éagsúla. D'eisigh muid 40 cheadúnas trádála sráide freisin agus 56 cheadúnas peitрилiam, agus chinntigh muid go gcomhlíonann stáisiúin peitрил rialuithe sábháilteachta thábhachtacha agus an táirge inlasta sin á stóráil agus á dháileadh acu.

An méid a rinne muid

Iniúchtaí a cuireadh chun feidhme	12,232
Ceadúnais Mhadaidh a eisíodh	5,312
Iarratais um Rialú Tógála a fuarthas	2,624
Ceadúnais Siamsaíochta a eisíodh	276
Ceadúnais Pheitрилiam a eisíodh	56
Ceadúnais Trádála Sráide a eisíodh	40



Ár bhFeidhmíocht

I Samhain 2019, dheimhnigh an tIníochóir Rialtais Áitiúil gur chuir Comhairle an Iúir, Mhúrn agus an Dúin a cuid freagrachtaí chun feidhme maidir le feabhsú agus tuairisciú feidhmíochta.

Ag féachaint siar

Tá an Chomhairle tiomanta don dóigh a seachadtar seirbhísí a fheabhsú go leanúnach agus áirítear na nithe a leanas le cuid de bhuaicphointí ár bhfeidhmíochta idir Aibreán agus Meán Fómhair 2019:

An méid atá bainte amach againn	
Méadú 21% ar an lucht freastail ar shaoráidí fóillíochta na Comhairle i gcomparáid le Aibreán-Meán Fómhair 2018.	△
Méadú 264% ar bhallaíocht Ionad Fóillíochta an Dúin óna athoscailt i Samhain 2018.	△
Ghlac 2,365 pháiste páirt i seisiúin súgartha pobail agus i scéimeanna samhraidh.	😊
Tacaíodh le 101 ghnólacht nuathionscanta agus cuireadh 91 phost nua chun cinn.	😊
139,954 chuairt taifeadta ar Pháirc Bhardasach an Phointe.	😊
Cúnamh curtha ar fáil do 72 ghlanadh poiblí .	😊
Méadú 2.2% ar ráta na hathchúrsála i gcomparáid le Aibreán-Meán Fómhair 2018.	△
Méadú 10% ar dhramháil ó ghabhdáin dhonna agus méadú 11% ar dhramháil ó ghabhdáin ghorma i gcomparáid le Aibreán-Meán Fómhair 2018.	△
Fuair 71% de na 697 n-iarratas ar an Scéim Cúnaimh Airgeadais maoiniú iomlán de £1.2m .	😊









Bliain ghnóthach eile dár Seirbhís Chlárúcháin

Tá Seirbhís Chlárúcháin na Comhairle fós gnóthach agus na hócáidí tábhachtacha inár saolta á gceiliúradh aici.


Sa bhliain dar críoch an 31 Márta 2019, chláraigh muid 2,385 bhreith, 1,330 bás agus 941 phósadh, As na líonta sin, ba phóstaí reiligiúnacha iad 578 bpósadh agus bhí 363 acu ina searmanais sibhialta. Bhí líon iomlán de chúig Chomhpháirtíocht Sibhialta ann le linn na tréimhse sin. Is féidir le leanúnacha fógra a thabhairt maidir le Comhpháirtíochtaí Sibhialta, Póstaí Comhghnéis nó Comhpháirtíochtaí Sibhialta nach den Ghnéas Céanna iad. Tá 29 n-ionad faofa againn atá cláraithe le haghaidh Searmanais Sibhialta ar fud an cheantair. Tá sé mar aidhm againn ár ndualgais Chlárúcháin a fheidhmiú ar bhealach comhbhách mothálach, agus déanann muid athbhreithniú leanúnach ar an dóigh a gcuireann muid ár seirbhísí ar fáil. Tá sonraí maidir le conas teagmháil a dhéanamh linn le fáil sa chuid Uimhreacha Úsáideacha ar chúl an fhoilseacháin seo.

Ár bhFeidhmíocht 2015-2019

Tá roinnt de príomhthorthaí feidhmíochta na Comhairle sonraithe thíos agus tugtar chun suntais leo conas a sholáthair muid an Plean Corparáideach le linn ár gcéad téarma mar Chomhairle nua.

Dul Chun Cinn		Treocht Stádais
	Méadú 11% ar líon na gcuairteoirí	△
	Méadú 44% ar chaitechas na gcuairteoirí	△
	805 phost nua curtha chun cinn agus 776 ghnólacht nuathionscanta tacaithe trí ghníomhaíocht um thionscnamh gnólachtaí	😊
	Beart Cathrach aimsithe do Réigiún Bhéal Feirste	😊
	Comhaontú Malartaithe Chairdiúil i bhfeidhm le Cathair Changchun, an tSín	😊
	Comhairliúchán curtha i gcrích don Pháipéar um Roghanna Is Fearr le Daoine don Phlean Forbartha Áitiúil	😊
	Osclaíodh Ionaid Fóillíochta an Lúir agus an Dúin	😊
	Méadú 23% ar fhreastal ar shaoráidí fóillíochta na Comhairle	△
	Osclaíodh 3 pháirc súgartha nua, athchóiríodh 1 pháirc súgartha agus uasghrádaíodh 3 pháirc	😊
	Méadú 12.5% ar ráta na hathchúrsála go 51.4%	△
	Laghdú 88.7% ar mhéid na dramhaíola a sheoltar chuig líonadh talún	△
	Laghdú 21% ar dhramhaíl ó ghabhdáin dhubha, méadú 9% ar dhramhaíl ó ghabhdáin ghorma agus méadú 119% ar dhramhaíl ó ghabhdáin dhonna	△
	Athchóiriú Páirc Bhaile an Phointe curtha i gcrích	😊
	Scéimeanna feabhsaithe agus athbheochana comshaoil curtha i gcrích i nDún Pádraig, ar an lúr agus sa Phointe	😊
	Aga próiseála maidir le hiarratais ar phleanáil áitiúil feabhsaithe faoi 16.8 seachtaine	△
	Aga próiseála maidir le hiarratais ar phleanáil mhór feabhsaithe faoi 20.1 seachtaine	▽
	Stádas aoisbháuil bainte amach ag Comhairle an Lúir, Mhúrn agus an Dúin ón Eagraíocht Dhomhanda Sláinte	😊
	Méadú 10% ar áitribh ag a bhfuil leathanbhanda an-mhear, go 83%	△
	£4.5m dáfa do 1,377 n-iarraitas tríd an Scéim Cúnaimh Airgeadais	😊
	Seacht bhfóram DEA arna mbunú agus seachadadh na bPleananna Gníomhaíochta áitiúla ar siúl	😊
	Cur i bhfeidhm an Phlean Phobail ar siúl	😊
	87% de chónaitheoirí sásta leis an gComhairle	😊
	Creideann 75% de chónaitheoirí go bhfuil Ceantar an Lúir, Mhúrn agus an Dúin ina gceantar maith le cónaí ann	😊
	Neamhláithreacht fostaithe laghdaithe faoi 1.25 lá	△

Conas a chaitheann muid do chuid airgid in 2019/20



Seirbhís	Costas in aghaidh £'000	Seirbhís	Costas in aghaidh £'000
Cultúr agus Oidhreacht	£2,574	Pleanáil don Phobal	£835
Fóillíocht agus Spórt	£9,147	Eacnamaíocht agus Forbairt Tuaithe AE	£2,844
Turasóireacht	£4,037	Beartas Pleanála	£1,189
Seirbhísí Pobail	£3,066	Rialú Tógála	£936
Sláinte Chomhshaoil	£3,101	Ionadaíocht Dhaonlathach agus Bainistíocht Chorporáideach	£2,533
Glanadh Eile agus Leithris Phoiblí	£3,893	Seirbhísí Eile	£1,228
Dramhaíl agus Athchúrsáil	14,357	Ár dTionscadail Chaipitil a Mhaoiniú	£8,154
Mionobreacha/Ceadúnú/Reiligi	£1,807		

Buiséad Iomlán: £59,702,000

Do Chomhairleoirí

CROTSHLIABH



Mark Gibbons
Independent

mark.gibbons@
nmandd.org

Declan McAteer
SDLP

declan.mcateer@
nmandd.org

Karen McKeivitt
SDLP

karen.mckeivitt@
nmandd.org

Gerry O'Hare
Sinn Féin

gerry.o'hare@
nmandd.org

Mickey Ruane
Sinn Féin

michael.ruane@
nmandd.org

Jarlath Tinnelly
Independent

Jarlath.tinnelly@
nmandd.org

AN TIÚR



Charlie Casey
Sinn Féin

charlie.casey@
nmandd.org

Valerie Harte
Sinn Féin

valerie.harte@
nmandd.org

Gavin Malone
Independent

gavin.malone@
nmandd.org

Roisin Mulgrew
Sinn Féin

roisin.mulgrew@nmandd.
org

Michael Savage
SDLP

michael.savage@
nmandd.org

Gary Stokes
SDLP

gary.stokes@
nmandd.org

NA BEANNA BOIRCHE



Willie Clarke
Sinn Féin

willie.clarke@
nmandd.org

Laura Devlin
SDLP

laura.devlin@
nmandd.org

Séan Doran
Sinn Féin

sean.doran@
nmandd.org

Glyn Hanna
DUP

glyn.hanna@
nmandd.org

Leeanne McEvoy
Sinn Féin

leeanne.mcevoy@
nmandd.org

Harold McKee
UUP

harold.mckee@
nmandd.org

SLIABH CRÚIBE



Hugh Gallagher
SDLP

hugh.gallagher@
nmandd.org

Róisín Howell
Sinn Féin

roisin.howell@
nmandd.org

Alan Lewis
UUP

alan.lewis@
nmandd.org

Cathy Mason
Sinn Féin

cathy.mason@
nmandd.org

Andrew McMurray
Alliance

andrew.mcmurray@
nmandd.org

DÚN PÁDRAIG



Dermot Curran
SDLP

dermot.curran@
nmandd.org

Cadogan Enright
Independent

cadogan.enright@
nmandd.org

Oonagh Hanlon
Sinn Féin

oonagh.hanlon@
nmandd.org

Gareth Sharvin
SDLP

gareth.sharvin@
nmandd.org

John Trainor
SDLP

john.trainor@
nmandd.org

RUA-OILEÁN



Terry Andrews
SDLP

terry.andrews@
nmandd.org

Patrick Brown
Alliance

patrick.brown@
nmandd.org

Robert Burgess
UUP

robert.burgess@
nmandd.org

Kathryn Owen
DUP

kathryn.owen@
nmandd.org

William Walker
DUP

william.walker@
nmandd.org

SLIABH GCUILLINN



Henry Reilly
Independent

henry.reilly@
nmandd.org



Pete Byrne
SDLP

pete.byrne@
nmandd.org



Terry Hearty
Sinn Féin

terry.hearty@
nmandd.org



Mickey Larkin
Sinn Féin

mickey.larkin@
nmandd.org



Oonagh Magennis
Sinn Féin

oonagh.magennis@
nmandd.org



Barra Ó Muirí
Sinn Féin

barra.omuirí@
nmandd.org



David Taylor
UUP

david.taylor@
nmandd.org



Declan Murphy
Sinn Féin

declan.murphy@
nmandd.org

Is féidir linn an doiciméad seo a chur ar fáil ar iarratas i bhformáidí eile, lena n-áirítear braille, cló mór, clostéip agus i dteangacha eile. Dá mbeadh rochtain de dhíth ort ar na seirbhísí sin, déan teagmháil leis an Oifig Chumarsáide agus Margaíochta ar 0330 137 4006 nó seol ríomhphost chuig marketing@nmandd.org

Teagmháil a Dhéanamh – Uimhreacha Úsáideacha

0330 137 4000

www.newrymournedown.org

 nmdcouncil  @nmdcouncil

Ionaid Ealaíon agus Iarsmalanna

Ionad Ealaíon an Dúin
Dún Pádraig
0330 137 4014

Iarsmalann Chontae an Dúin
Downpatrick
0330 137 4049

Iarsmalann an Iúir agus Mhúrn
Caisleán Bagenal, an tIúir
0330 137 4034

Teach Éigse Sheáin Uí Chuireannáin
An tIúir
0330 137 4032

Seirbhísí Pobail

Baile na hInse

An Sruthán

Ionad an Droichid
Cill Ó Laoch

An Cloch Riabhach

Crois Mhic Linnáin

Halla Dan Rice
Droim an Easa

Teach an Mhargaidh
Baile na hInse
0330 137 4008

Fóillíocht Laistigh

0330 137 4026

Faisnéis faoi Sheirbhísí & Aiteanna Taitneamhachta do Chuariteoirí

Páirc Thuaithe Delamont

Ionad Faisnéise do Chuariteoirí Dhún Pádraig

Páirc Chill Bhrónaí

Ionad Faisnéise do Chuariteoirí an Chaisleáin Nua

Ionad Faisnéise do Chuariteoirí an Iúir

Páirc Thuaithe Shliabh gCuillinn

Ionad Faisnéise do Chuariteoirí Shliabh gCuillinn

0330 137 4046

Páirc Foraoise Chaisleán Uidhlín

028 4377 8664

Ionad Faisnéise do Chuariteoirí Chill Chaoil

028 4176 2525

Halla Baile agus Oifig Turasóireachta an Phoirt

0330 137 4926

Ionaid Athchúrsála Teaghlaigh

Baile Mhic Cadháin, Baile na hInse

Bóthar na Banna, Caisleán Uidhlín

Camloch

Bóthar Cluanach, Dún Pádraig

Crois Mhic Linnáin

Dromann Uí Cheallaigh

Baile Hill

Cill Chaoil

An tIúir

An Baile Úr

An Pointe

0330 137 4047

Dramhaíl agus Forfheidhmiú

Bailiú Dramhaíola Toirtiúla

Dramhaíl Tí agus Trádála

Rialú Truailithe

Leithris Phoiblí

Athchúrsáil

Bailiú Bruscair

Glanadh Sráideanna

Diúscairt Dramhaíola

0330 137 4047

Oifig Pleanála:

0330 137 4036

Uimhreacha Úsáideacha Eile

Rialú Tógála
0330 137 4003

Reiligi agus Adhlacthaí

• Loch Inse, Baile na hInse

• Cnoc na Manach, an tIúir

• An tSrúill, Dún Pádraig

• Ros Treabhair

• An Pointe

0330 137 4005

Gearáin

0330 137 4000

Rialú Madadh

0330 137 4013

Sláinte agus Folláine

Pollution Control

Rialú Truailithe

0330 137 4024

Ceadúnú

0330 137 4030

An Comhpháirtíocht

Póilíneachta & Sábháilteachta

Pobail & Dea-chaidrimh

0330 137 4038

An Oifig Chlárúcháin

(Breitheanna, Básanna agus Póstaí)

0330 137 4041



Foilsítear Teagmháil IMD gach bliain agus corpraítear leis Tuarascáil Bhliantúil na Comhairle. Ba mhór againn aiseolas a fháil ar ais uait maidir leis an fhoilseachán agus bheimis an-bhuíoch díot dá gcomhlánófa an ceistneoir gairid a leanas agus é a sheoladh ar ais chuig: Comhairle an Iúir, Mhúrn agus an Dúin, an Rannán Cumarsáide agus Margadóchta, Ionad Pobail Chontae an Dúin, Bóthar Ard Ghlais, Dún Pádraig, BT30 6GQ.

Cé chomh láidir agus a aontaíonn tú nó a easaontaíonn tú leis na ráitis a leanas faoi Teagmháil IMD?

	Aontaím go láidir	Aontaím	Ní aontaím ná ní easaontaím ach oiread	Easaontaím	Easaontaím go láidir
Is dóigh mhaith dom le fáil amach faoin Chomhairle agus conas a chaitheann sí mo chuid airgid					
Is dóigh mhaith dom le fáil amach faoi sheirbhísí na Comhairle					
Áirítear airteagail spéisiúla ann					
Tá sé éasca le tuiscint					
Tá sé tarraingteach do dhaoine ó gach cúlra					
Tá cuma mhaith air agus tá sé deartha go maith					

Cén rata a thabharfa do Teagmháil IMD ar an iomlán?

Sármhaith

Maith

Measartha

Bocht

An-bhocht

Níl a fhios agam

Dá mba mhaith leat níos mó airteagal/ faisnéise a fheiceáil i dTeagmháil IMD, nó má tá tuairimí ar bith eile agat faoi, sonraigh iad thíos, le do thoil: